2024/1943

12.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1943 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an bun Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 16 Samhain 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí cáblaí snáthoptaice ('OFC') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na hIndia ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 5 den 'bhun-Rialachán'. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [2] ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a fháil arna thionscnamh ag Europacable ('an gearánach') an 3 Deireadh Fómhair 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal cáblaí snáthoptaice an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialacháin. Ba leor an fhianaise sa ghearán ar dhumpáil agus ar dhíobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin más leor an fhianaise atá aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi phointe (c) nó (d) d'Airteagal 10(4). Ceann de na ceanglais sin, mar a léirítear in Airteagal 10(4)(d) den bhun-Rialachán, is ea go bhfuil ardú suntasach breise ar allmhairí i dteannta leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin (i.e. an 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023).

(4) Mar sin féin, mar atá le feiceáil i dTábla 1, sa chás seo, léirigh anailís an Choimisiúin nár tháinig aon mhéadú ar allmhairí nuair a chuirtear meán míosúil na n-allmhairí ó thionscnamh an imscrúdaithe ar aghaidh (i.e. Nollaig 2023 go dtí Aibreán 2024) i gcomparáid leis an meán míosúil sa tréimhse imscrúdúcháin agus leis an meán míosúil de na míonna céanna sa tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar Staitisticí Surveillance. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar an coinníoll dlíthiúil faoi Airteagal 10(4)(d). Mar sin de, chinn an Coimisiún gan allmhairí OFC de thionscnamh na hIndia a chlárú.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
[2] Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia (IO C, C/2023/891, 16.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/891/oj).

Tábla 1

Allmhairí ón India le linn na tréimhse imscrúdúcháin tar éis tionscnaimh (cábla-km) ([3])

Tionscnamh	Meán míosúil na tréimhse imscrúdúcháin	Nollaig 2023 – Aibreán 2024 meán míosúil	Nollaig 2022 – Aibreán 2023 meán míosúil
An India	8 591	4 541	9 731

Foinse: Bunachar sonraí Surveillance 3.

1.3. **Páirtithe leasmhara**

(5) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. De bhreis air sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na hIndia, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

1.4. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(7) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an tionscnamh ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, Birla Cable Ltd ('Birla'), HFCL Limited ('HFCL'), Sterlite Technologies Limited ('STL'), agus ón ngearánach.

(8) Mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin HFCL agus STL nár sholáthair an gearánach aon achoimre fhóinteach neamhrúnda ar ríomhanna an chorrlaigh dumpála, an ghnáthluacha, an tsladghearrtha praghais agus an ghearrdhíola praghais agus d'iarr siad go dtabharfaí rochtain dóibh ar an bhfaisnéis is gá. D'iarr HFCL freisin go nochtfaí achoimre fhiúntach neamhrúnda ar an bhfaisnéis a sholáthair an gearánach maidir le hiompar praghsála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia i nósanna imeachta tairisceana san Aontas. Mhaígh HCFL thairis sin nach achoimrí fóinteacha iad na hachoimrí a cuireadh ar fáil maidir le nósanna imeachta tairisceana i roinnt Ballstát agus maidir leis an tairiscint praghais a rinne táirgeoir Indiach ar an spotmhargadh.

(9) Rinne an Coimisiún measúnú ar na maímh ach mheas sé, maidir le ríomhanna an chorrlaigh dumpála agus an ghnáthluacha, go raibh an fhianaise bhunriachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda uile ar na sonraí rúnda ann sa leagan neamhrúnda den ghearán atá ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara, rud a chuir ar a gcumas do pháirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú i gceart. Go háirithe, bhí faisnéis san achoimre neamhrúnda faoi na foinsí (praghsanna onnmhairiúcháin cáblaí ina bhfuil 24 shnáithín agus 48 snáithín – na cineálacha cáblaí snáthoptaice is ionadaíche – bunaithe ar thairiscintí a rinneadh i dtrí Bhallstát de chuid an Aontais) agus corrlaigh dhumpála don dá chineál cáblaí snáthoptaice is ionadaíche (móide an meánráta dumpála don dá chineál). Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(10) Tar éis do STL agus HFCL na maímh a dhéanamh, rinne an Coimisiún athmheasúnú ar na hachoimrí ar na ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola, chomh maith le sonraí comhiomlána fhigiúirí an ghearánaigh a bhí ar fáil sa chomhad oscailte agus chinn sé a iarraidh ar na gearánaigh tuilleadh sonraí a chur ar fáil don leagan oscailte den ghearán. Cuireadh an fhaisnéis bhreise neamhrúnda sin leis an gcomhad.

(11) Maidir leis an éileamh a bhaineann le tairiscintí, chinn an Coimisiún an t-éileamh a dhiúltú mar gheall ar chineál rúnda na faisnéise (tá tairiscintí praghais sonracha, caibidlíocht agus faisnéis nithiúil faoi thairiscintí sna hiarscríbhinní íogaire – measadh gurbh iomchuí na hachoimrí neamhrúnda a chuir an gearánach ar fáil).

([3]) Rinneadh na sonraí sa bhunachar sonraí Surveillance a taifeadadh i kg a thiontú ina gcábla-km i gcomhréir leis na mínithe a leagtar amach in aithris (96).

(12) Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin, Birla, go raibh an gearán ag brath ar fhigiúirí as dáta, ós rud é nár taisceadh é go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023, i.e. níos mó ná 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin a úsáideadh don ghearán (i.e. an 31 Márta 2023).

(13) Seachadadh an gearán chuig an gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2023 agus, de réir Airteagal 5(1) den bhun-Rialachán, measadh gur taisceadh é ar an gcéad lá oibre tar éis é a sheachadadh ar an gCoimisiún, i.e. an 3 Deireadh Fómhair 2023. Ní leagtar síos aon oibleagáid dhlíthiúil leis an mbun-Rialachán á rá nár cheart sonraí a bheith i ngearán atá níos sine ná sé mhí roimh an ngearán a thíolacadh. Mar sin féin, úsáideann an Coimisiún an t-am a luaitear sa bhun-Rialachán, lena n-áirítear Airteagal 6(1), mar threoir ([4]) chun a áirithiú go mbeidh sonraí na ngearán chomh cothrom le dáta agus is féidir. Fiú amháin má bhí feidhm ag Airteagal 6(1) ag céim an tionscnaimh, déantar foráil leis an Airteagal sin maidir le roinnt solúbthachta toisc go luaitear ann 'roghnófar tréimhse imscrúdúcháin, ar tréimhse í, i gcás dumpála, nach mbeidh níos giorra, de ghnáth, ná sé mhí díreach roimh thionscnamh na n-imeachtaí'. Níl bunús dlí le maíomh Birla agus diúltaíodh dó dá bhrí sin.

(14) Thug HFCL dá aire an difríocht idir na sonraí a chumhdaítear leis an ngearán (i.e. an 1 Aibreán 2022 go dtí an 31 Márta 2023) agus an tréimhse imscrúdúcháin (i.e. an 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023) agus d'iarr sé go ndéanfaí an gearán a nuashonrú leis na sonraí a bhaineann leis an tréimhse imscrúdúcháin. Mhaígh sé go gcuirfeadh sé cosc ar pháirtithe leasmhara barúlacha fóinteacha a thabhairt i ndáil le staid dhíobhálach thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe mura gcuirfí na sonraí sin ar fáil. Tharraing HFCL aird go háirithe ar an iarraidh líomhnaithe ón gCoimisiún ar pháirtithe leasmhara a n-aighneachtaí maidir le díobháil do thionscal an Aontais a chur i láthair. Mhaígh sé, dá bhrí sin, gur diúltaíodh a gcearta dlisteanacha cosanta agus próiseas cuí do pháirtithe leasmhara.

(15) Mhaígh Europacable nár chuir HFCL aon bhunús dlí ar fáil chun tacú leis an éileamh sin. Thug sé dá aire gur gá go mbeadh an tréimhse imscrúdúcháin a úsáideadh chun críoch an ghearáin éagsúil de riachtanas leis an tréimhse a úsáidtear san imeacht féin, i bhfianaise an imeachta ama idir gearán a thaisceadh agus imscrúdú a thionscnamh.

(16) Ba í an fhaisnéis a soláthraíodh sa ghearán an bonn ar dá réir a chinn an Coimisiún an t-imscrúdú reatha a thionscnamh. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil an tréimhse imscrúdúcháin a chumhdaítear leis an ngearán éagsúil le tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe, ní chuireann sé sin cosc ar pháirtithe leasmhara barúlacha fóinteacha a thabhairt maidir leis an ngearán agus maidir le tionscnamh an imscrúdaithe. Measadh go raibh an gearán iomlán maidir lena cheanglais éigeantacha, de réir Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán. Ina theannta sin, thug an Coimisiún cuireadh do pháirtithe, ina fhógra maidir le tionscnamh, chun comhoibriú trí fhoirm samplála a chomhlánú (pointe 5.3.1 (a) den Fhógra Tionscnaimh) chun barúlacha a sholáthar maidir leis an tionscnamh nó maidir leis an ngearán (pointe 5.2 den Fhógra Tionscnaimh), chun faisnéis a sholáthar maidir leis an measúnú ar leas an Aontais (pointe 5.5. den Fhógra Tionscnaimh); agus rinneadh foráil maidir leis an bhféidearthacht barúil a thabhairt maidir le haighneacht páirtithe eile. Nochtar torthaí mionsonraithe maidir le tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe do pháirtithe leasmhara ag céim níos déanaí agus tugtar deis dóibh barúil a thabhairt ag an gcéim sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(17) Mhaígh STL, HFCL agus Birla nach raibh na sonraí allmhairiúcháin sa ghearán cruinn ós rud é go raibh siad ag brath ar chód AC iomlán 8544 70 00 atá níos leithne ná an táirge atá faoi imscrúdú, seachas cód TARIC 8544 70 00 10 a cruthaíodh san imscrúdú roimhe seo maidir le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne ([5]) ('an t-imscrúdú ar an tSín'), nach n-áirí ach an táirge lena mbaineann ann. Chuir na cuideachtaí sin in aghaidh na gcoigeartuithe a rinneadh ar na staitisticí allmhairiúcháin ar bhonn chód AC freisin trí allmhairí cáblaí snáthoptaice a líomhnaítear a bheith mídhearbhaithe mar shnáithíní optúla a chur isteach faoi chód tráchtearra 9001 10. Mhaígh na páirtithe sin nár soláthraíodh aon fhianaise maidir le mídhearbhuithe. Chuir na páirtithe sin uile i dtábhacht gur thagair cód tráchtearra 9001 10 do cháblaí snáthoptaice, nach bhfuil déanta as snáithíní i dtruaillí ar leith mar a rialaigh Cúirteanna na hIndia, agus dá bhrí sin nach cuid de raon feidhme an imscrúdaithe iad. Mhaígh STL freisin go bhféadfadh sé go ndéanfaí allmhairí cáblaí snáthoptaice tríú tír eile a dhearbhú go mícheart mar shnáithíní optúla faoi chód tráchtearraí 9001 10 chomh maith, rud nár cuireadh san áireamh sa ghearán. Dá bhrí sin, maíodh go ndearnadh rómheastachán ar na sonraí allmhairiúcháin sa ghearán.

([4]) https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/5dd1dca7-b5b0-11ee-b164-01aa75ed71a1.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 410, 18.11.2021, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2011/oj).

(18) Rinneadh an mhodheolaíocht, an réasúnaíocht agus na foinsí le haghaidh na gcoigeartuithe chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí cáblaí snáthoptaice ón India a mhíniú go mion sa ghearán agus measadh go raibh fianaise de réir bhrí Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán ag tacú go leordhóthanach leo. Leagtar amach agus soláthraítear fianaise sa ghearán cén fáth a bhfuil níos mó brí leis na staidrimh faoi chód AC 8544 70 00 i gcás sonrach na hIndia, agus cén fáth, dá ainneoin sin, a raibh gá le coigeartuithe ar na sonraí sin agus cén bonn ar dá réir a rinneadh coigeartuithe den sórt sin. Go sonrach, áitíonn an gearánach gur fearr an cód TARIC a úsáid i gcás na Síne, a tháirgeann agus a onnmhairíonn ní hamháin an táirge lena mbaineann chuig an Aontas ach cáblaí fomhuirí agus cáblaí ilmhóid freisin, ach ní i gcás na hIndia. Míníonn an gearánach nach dtáirgeann an India aon cháblaí fomhuirí agus go monaraíonn sí cainníocht bheag cáblaí ilmhóid agus go soláthraíonn sí fianaise go gcuimsítear an táirge lena mbaineann i mbeagnach gach méid allmhairí cáblaí snáthoptaice ón India a thagann faoi chód AC 8544 70 00. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise a cuireadh i láthair sa ghearán agus mheas sé gurbh iomchuí cód AC 8544 70 00 a úsáid. Maidir le cód tráchtearraí 9001 10 a úsáid, cód lena gcumhdaítear snáithíní optúla amháin agus ní cáblaí snáthoptaice, mheas an Coimisiún gur iomchuí freisin an fhianaise a sholáthair an gearánach (comhfhreagras ina luann táirgeoirí Indiacha go n-allmhairítear cáblaí snáthoptaice isteach san Aontas faoi Chód CC 9001 10, faoi 'treoirlínte custaim' na hIndia a chuirtear i bhfeidhm freisin maidir le honnmhairí chuig réigiúin onnmhairiúcháin eile). Maidir le cáblaí snáthoptaice, nach bhfuil déanta as snáithíní i dtruaillí aonair, de réir na gCúirteanna Indiacha, cód AC 9001 10 00, ní bhaineann sé le hábhar ós rud é go mbíonn an táirge atá faoi bhreathnú i dtruaill i gcónaí, agus dá bhrí sin go dtagann sé faoi chód AC eile, is é sin cód AC 8544 70 00.

(19) Thairis sin, níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin aon fhianaise ar fáil go raibh na meastacháin a rinne an gearánach míréasúnta nó mícheart go mór. Ar deireadh, ní raibh aon chomhartha ann agus ní raibh aon fhianaise ar fáil don ghearánach go ndearnadh allmhairí tríú tír eile a dhearbhú go mícheart faoi chód tráchtearraí 9001 10 agus gur cheart staitisticí allmhairiúcháin na dtíortha sin a bheith coigeartaithe dá réir. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(20) Mhaígh HFCL nach bhféadfaí a mheas go raibh an corrlach dumpála sa ghearán ionadaíoch toisc gur ríomhadh é ar bhonn ar phraghsanna do chineálacha áirithe cáblaí snáthoptaice amháin (ina bhfuil 24 shnáithín agus 48 snáithín), nach raibh ina gcuid shuntasach d'onnmhairí na hIndia. D'áitigh HFCL thairis sin nár cuireadh aon fhianaise ar fáil gurb ionann na samhlacha ar a raibh an gnáthluach bunaithe agus na samhlacha a úsáideadh chun an praghas onnmhairiúcháin a chinneadh. Ar deireadh, mhaígh siad go bhfuil cuid mhór saintréithe ann a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chostais agus ar phraghsanna agus nuair nach gcuirtear san áireamh i gceart iad go bhféadfaidís an corrlach dumpála a bhoilsciú.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ba cheart fianaise atá ar fáil go réasúnach don ghearánach a bheith san áireamh sa ghearán. Mar gheall ar ghné rúnda na gcostas agus na bpraghsanna, ní fhéadfadh rochtain a bheith ag an ngearánach ar fhaisnéis an-mhionsonraithe ina leith sin agus dá bhrí sin níor ceanglaíodh air faisnéis den sórt sin a sholáthar. Measadh go raibh an fhianaise a cuireadh ar fáil maidir leis an ngnáthluach agus maidir leis an bpraghas onnmhairiúcháin leordhóthanach agus sách ionadaíoch chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(22) Mhaígh Birla, HFCL agus STL nár cuireadh aon fhianaise ar fáil sa ghearán maidir leis na ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola. De bhreis air sin, mhaígh Birla nach raibh na praghsanna a úsáideadh ionadaíoch do na táirgeoirí de chuid na hIndia ná do thionscal an Aontais, agus mhaígh STL nár chumhdaigh siad raon feidhme iomlán an táirge faoi imscrúdú, ach nár chumhdaigh siad ach fo-thacar den raon feidhme sin. I ndáil leis sin, is iad na cineálacha cáblaí snáthoptaice a bhreithnítear sa ghearán (eadhon cáblaí ina bhfuil 24 shnáithín agus 48 snáithín le haghaidh na ríomhanna dumpála, agus 12, 24, 48 agus 72 snáithín chun ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola a dhéanamh) na cáblaí snáthoptaice is mó a díoladh ar mhargadh an Aontais agus na cineálacha a raibh na gearánaigh in ann fianaise a bhailiú ina leith i ndáil le praghsanna allmhairí na hIndia. Mhaígh Birla go bhfuil anailís na ngearánach ar na praghsanna allmhairiúcháin lochtach, agus in aon chás níor léirigh treochtaí allmhairiúcháin mar a léirítear sa ghearán an brú praghais líomhnaithe ar mhargadh an Aontais. Mhaígh Birla freisin gur cheart anailís ar leithligh a dhéanamh ar na margaí tairisceana agus spotmhargaí, agus mhaígh STL freisin nár cheart an spriocbhrabús a suíodh le linn an imscrúdaithe ar OFCanna de thionscnamh na Síne a chur san áireamh chun na corrlaigh ghearrdhíola san imscrúdú reatha a ríomh.

(23) Mar a luaitear thuas, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ní cheanglaítear ar an ngearánach ach fianaise atá ar fáil go réasúnach dó a sholáthar. Dá bhrí sin, ní gá sonraí maidir le gach cineál táirge a áireamh sa ghearán, ná anailís de réir deighleog mhargaidh a sholáthar, go háirithe i gcás ina bhfuil sonraí den sórt sin faoi rún agus/nó nach bhfuil siad ar fáil go poiblí. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur chomhlíon an fhianaise a soláthraíodh maidir leis na ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola tairseach Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán. Ar deireadh, measadh go raibh an spriocbhrabús a úsáideadh sa ghearán chun an corrlach gearrdhíola a ríomh réasúnach agus ní fhéadfadh STL aon fhianaise áititheach a sholáthar ach oiread ag an gcéim seo den imeacht ar fianaise í a léireodh go raibh a leibhéal earráideach nó mícheart go substaintiúil. Dá bhrí sin, diúltaíodh do gach maíomh maidir leis na ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola.

(24) Mhaígh STL, agus iad tagairt do thuarascálacha bliantúla/eatramhacha atá ar fáil go poiblí ó Prysmian Group, Acome, Hextronic, agus Tratos, nár fhulaing tionscal an Aontais díobháil ábhartha, ach go raibh sé sláintiúil agus bisiúil.

(25) Bhain an fhianaise sa ghearán maidir le díobháil le forbairt táscairí díobhála de chuid ghnó OFCanna amháin agus dá bhrí sin meastar go bhfuil sí níos ábhartha ná faisnéis atá ar fáil go poiblí a bhaineann le cuideachtaí ar leibhéal grúpa. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(26) D'easaontaigh Birla, HFCL agus STL leis an anailís ar roinnt táscairí díobhála arna dtuairisciú sa ghearán agus mhaígh siad nár léirigh forbairt na dtáscairí sin staid dhíobhálach. D'áitigh siad freisin go raibh sonraí na ngearánach measctha le sonraí tháirgeoirí OFCanna uile an Aontais agus dá bhrí sin gur úsáideadh go roghnaitheach iad. D'áitigh STL agus HFCL gur léirigh na sonraí go háirithe maidir le táirgeadh, díolacháin, sciar den mhargadh, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta treochtaí dearfacha agus, dá bhrí sin, nár léirigh siad aon díobháil ábhartha. D'áitigh STL go raibh brabúsacht shláintiúil ag na gearánaigh, agus go raibh aon tionchar diúltach ann mar gheall ar mhéaduithe ollmhóra ar infheistíochtaí, ar acmhainneacht agus ar charnadh stoc.

(27) Go foriomlán, léirigh treochtaí na dtáscairí díobhála sa ghearán gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh ó 2019 go 2022 agus cé gur aisghabh sciar den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an ghearáin, d'fhan sé faoi bhun leibhéil 2019. Is amhlaidh atá i gcás phraghsanna díola thionscal an Aontais, i.e. léirigh siad treocht laghdaitheach, ach amháin le linn thréimhse imscrúdúcháin an ghearáin, inar mhéadaigh siad cé gur fhan siad faoi bhun na bpraghsanna díola in 2019 den chuid is mó. Cé gur tháinig laghdú ar an gcostas táirgthe, tharla sé sin ar luas níos moille ná na praghsanna díolacháin, agus bhí tionchar diúltach aige sin ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Ós rud é gur léirigh táscairí díobhála eile amhail méid díolachán agus méid táirgeachta chomh maith le hinfheistíochtaí treocht dhearfach sa chomhthéacs eacnamaíoch foriomlán, agus ní mór é a chothromú freisin in aghaidh fhorbairt chomhthreomhar thomhaltas an Aontais a mhéadaigh níos mó ná méid díolachán thionscal an Aontais. Ní chiallaíonn na forbairtí dearfacha sin iontu féin nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Níl an fíoras gur tháinig méadú ar an mbrabúsacht ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an ghearáin ag teacht salach ar an bhforbairt shuntasach dhiúltach ó bhí 2019 ann agus nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díolacháin a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar a chostas. Mheas an Coimisiún gur sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh i ndáil leis an méid sin.

(28) Maidir leis an maíomh gur soláthraíodh sonraí maidir leis na táscairí díobhála go roghnaitheach, tugann an Coimisiún dá aire gur shuigh an gearánach sonraí le haghaidh táscairí maicreacnamaíocha (amhail méid na ndíolachán, méid na táirgeachta agus an sciar den mhargadh) ar bhonn faisnéis a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais, agus gur soláthraíodh sonraí le haghaidh táscairí micreacnamaíocha (amhail brabúsacht agus praghsanna díolacháin) ar bhonn sonraí a bhaineann leis na gearánaigh. Is í sin an mhodheolaíocht chéanna a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm in imscrúduithe ina n-úsáidtear sampláil agus, dá bhrí sin, measadh go raibh sí dlisteanach agus réasúnach. Dá bhrí sin, ní féidir a áitiú gur úsáideadh sonraí den sórt sin go roghnaitheach, agus dá bhrí sin diúltaíodh don mhaíomh sin. Thairis sin, mar a tugadh faoi deara in aithris (10) thuas, chuir an Coimisiún leagan oscailte leis an gcomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara a sholáthair sonraí comhiomlána d'fhigiúirí an ghearánaigh.

(29) Mhaígh Birla, HFCL, agus STL gur theip ar an ngearán nasc cúisíoch a shuí idir allmhairí na hIndia agus an díobháil líomhnaithe do tháirgeoirí de chuid an Aontais. Mhaígh siad nár shuigh an gearánach comhghaol idir allmhairí cáblaí snáthoptaice ón India agus an díobháil ábhartha agus nár bhreithnigh sé go leordhóthanach tosca eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(30) Mhaígh STL go raibh an anailís chúisíochta truaillithe toisc go raibh sí bunaithe ar mhéideanna míchearta allmhairí. Thairis sin, mhaígh siad nach bhféadfaí breathnú ar mhéideanna allmhairí agus sciar den mhargadh ón India ina n-aonar ach gur gá breathnú orthu i gcomhthéacs níos leithne dhinimic an mhargaidh ina iomláine. Mhaígh Birla nach ndearna an méadú ar allmhairí ón India dochar do tháirgeoirí de chuid an Aontais agus gur tháinig éabhlóid ar an sciar den mhargadh atá ag táirgeoirí an Aontais den chuid is mó i gcomhréir leis an sciar den mhargadh atá ag allmhairí ó thíortha eile. Thairis sin, mhaígh siad nár cruthaíodh aon sladghearradh ná gearrdhíol, agus go raibh praghsanna allmhairiúcháin os cionn phraghsanna thionscal an Aontais; dá bhrí sin, ní raibh tionchar diúltach ag allmhairí ón India ar thionscal an Aontais.

(31) D'áitigh Birla, HFCL, agus STL gur tosca eile ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais. Mhaígh siad gurbh iad allmhairí an táirge chéanna ón tSín a raibh praghsanna allmhairiúcháin níos ísle agus sciartha níos airde den mhargadh acu ba chúis leis an díobháil, go háirithe ós rud é go raibh éifeachtaí fós ag cleachtais ionsúcháin onnmhaireoirí OFCanna ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an ghearáin. ([6])

(32) Ina theannta sin, d'agair STL, HFCL agus Birla roinnt tosca eile ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais ar tosca iad nár tugadh aghaidh orthu sa ghearán: (i) an méadú costais ar amhábhair agus ar fhuinneamh, (ii) paindéim COVID-19, agus suaitheadh sa slabhra soláthair; (iii) an méadú suntasach ar infheistíochtaí, ar acmhainneacht táirgeachta agus ar stoic (féindíobháil); (iv) na hallmhairí ó thríú tíortha eile; (v) an iomaíocht i measc tháirgeoirí de chuid an Aontais ar mhargadh an Aontais; agus (vi) iompar frithiomaíoch gearánach áirithe.

(33) Thug Europacable dá aire, gurbh amhlaidh, i gcodarsnacht leis sin, gur léirigh an gearán nár bhris allmhairí ón tSín an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Chuir siad i dtábhacht freisin go raibh ar thionscal an Aontais a leibhéal infheistíochtaí a choinneáil ar bun i gcomhréir le fás an mhargaidh chun leanúint de bheith iomaíoch agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh infheistíochtaí thionscal an Aontais an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na hIndia agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais a bhriseadh. Dhiúltaigh Europacable freisin d'argóint an iompair fhrithiomaíoch toisc nach raibh baint aici leis an táirge faoi imscrúdú agus chuir sé i dtábhacht gur tharla méadú ar phraghsanna díolachán tar éis an mhéadaithe ar chostas. D'áitigh siad ar deireadh gur shuigh an Coimisiún cheana féin le linn an imscrúdaithe a bhain le hallmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne nach raibh ach tionchar an-teoranta agus sealadach ag paindéim COVID-19 ar an tionscal ([7]).

(34) Mheas an Coimisiún gur sholáthraíodh leis an ngearán fianaise leordhóthanach de réir bhrí Airteagal 5(3) den bhun-Rialachán go raibh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia agus laghdú foriomlán ar staid thionscal an Aontais ann in am. Léiríodh sa ghearán freisin go raibh praghsanna allmhairiúcháin ag sladghearradh phraghas díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Mar chonclúid, léirigh an fhianaise sa ghearán comhghaol idir na hallmhairí ón India agus staid dhíobhálach thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, léirigh sí nasc cúisíoch. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na hargóintí sin.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1617 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 199, 9.8.2023, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1617/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011, aithris (617).

(35) Rinneadh anailís sa ghearán freisin ar chúiseanna díobhála eile a d'fhéadfadh a bheith ann, i.e. allmhairí ó thríú tíortha eile; allmhairí ón tSín, agus feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais. Diúltaíodh don mhaíomh a rinne Birla, HFCL, agus STL gurbh iad allmhairí an táirge chéanna ón tSín ba chúis leis an díobháil. Forchuireadh bearta frithdhumpála ar allmhairí ón tSín i mí na Samhna 2021 agus leasaíodh iad i mí Lúnasa 2023 tar éis imscrúdú in aghaidh ionsúite ([8]), agus bearta frithchúitimh i mí Eanáir 2022 ([9]). Cé go bhfuil méid na n-allmhairí ón tSín fós ard, bhí sé d'éifeacht ag forchur na mbeart méid na n-allmhairí a laghdú tar éis an chéad ráithe de 2022. Tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí cáblaí snáthoptaice na Síne ó 36.6 % in 2022 go 33 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin a úsáideadh sa ghearán. Thairis sin, de réir staidreamh TARIC, tháinig laghdú suntasach 57 % ar mhéid na n-allmhairí cáblaí snáthoptaice ón tSín idir R4 2021 (310 249 cábla-km) agus R1 2023 (133 164 cábla-km), agus níor thosaigh praghsanna ag méadú go dtí R3 2022. Leis an imscrúdú frithionsúcháin thuasluaite, tugadh aghaidh ar an easpa méadú leordhóthanach agus fadtéarmach ar phraghsanna.

(36) Measadh gur leor an anailís sin agus an fhaisnéis a soláthraíodh ina leith sin chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

(37) D'áitigh Birla nach ndearnadh tionchar na mbeart sa chomhthéacs eacnamaíoch foriomlán a chur san áireamh sa ghearán, agus leasanna na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí san Aontas á gcur san áireamh freisin.

(38) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ní cheanglaítear ar an ngearánach anailís ar ghnéithe a bhaineann le leas an Aontais a áireamh ina ghearán, ach ní gá dó ach fianaise a sholáthar maidir le dumpáil, díobháil agus nasc cúisíoch idir na hallmhairí a líomhnaítear a dumpáladh agus an díobháil líomhnaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

(39) Mhaígh STL nár sainíodh tionscal an Aontais i gcomhad neamhrúnda an imscrúdaithe rud ab ionann agus sárú ar a chearta cosanta. Dar le STL, ní dhéantar cé acu de na táirgeoirí OFCanna a chuimsítear i dtionscal an Aontais a shonrú go beacht san fhógra tionscnaimh ná sa fhreagairt ar an macraicheistneoir. Chuir an Coimisiún an liosta de tháirgeoirí aitheanta OFCanna an Aontais ar fáil sa chomhad neamhrúnda. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

1.5. **Sampláil**

(40) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil

(41) San Fhógra Tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún sampla ionadaíoch ar bhonn an mhéid is mó táirgeachta agus díolachán den táirge comhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, ar an dóigh sin, áirithíodh raon geografach mór freisin. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais. B'ionann líon táirgeoirí sampláilte an Aontais agus méid níos ná níos 50 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus breis agus níos mó ná 75 % de dhíolacháin mheasta iomlána an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúlacha maidir leis an sampla sealadach, agus deimhníodh gurb é an sampla críochnaitheach é.

Allmhaireoirí a shampláil

(42) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1617.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L 12, 19.1.2022, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/72/oj).

(43) Sholáthair allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh sé a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Ní bhfuarthas aon bharúlacha.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin san India

(44) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh go raibh, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. De bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht na hIndia chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(45) Rinne aon táirgeoir onnmhairiúcháin déag a bhaineann le naoi ngrúpa sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus d'aontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa cuideachtaí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnach laistigh den am a bhí ar fáil. B'ionann na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin agus níos mó ná 80 % d'onnmhairí iomlána cáblaí snáthoptaice ón India chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(46) Ní bhfuarthas aon bharúlacha i leith an tsampla.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(47) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chuig na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, chuig an allmhaireoir a thug freagra ar an bhfoirm shamplála agus chuig úsáideoirí aitheanta. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([10]) lá an tionscnaimh. Rinne an Coimisiún ceistneoir inar iarradh macratháscairí thionscal an Aontais chuig an ngearánach freisin.

(48) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, maidir leis an díobháil dá deasca, agus maidir le leas an Aontais agus d'fhíoraigh sé an fhaisnéis sin. Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais:

— Acome S. A. (An Fhrainc),

— Corning Optical Communications Sp. z o.o. (an Pholainn), agus a chuideachtaí comhlachaithe Corning Pouyet SAS (an Fhrainc), Corning Optical Communication GmbH & Co. KG. (an Ghearmáin), Corning Optical Communications, S.r.l. (an Iodáil), agus Corning Optical Communications, S.L. (an Spáinn).

Táirgeoirí onnmhairiúcháin san India:

Grúpa MP Birla:

— Birla Cable Ltd, Rewa ('BCL')

— Universal Cables Ltd, Goa ('UCL')

— Vindhya Telelinks Ltd, Rewa ('VTL')

Grúpa HFCL:

— HFCL Ltd, Hyderabad ('HFCL')

— HTL Limited, Chennai ('HTL')

Grúpa STL:

([10]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2692.

— Sterlite Technologies Ltd, Rakholi ('STL')

— Sterlite Tech Cables Solutions Ltd, Aurangabad ('STCS').

(49) De bhreis air sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar an bhfreagra ar an gceistneoir a sholáthair an chuideachta shampláilte Prysmian S.p.A., agus a cuideachtaí comhlachaithe (an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Rómáin, an Spáinn, an tSualainn), agus ar an bhfreagra ar an macraicheistneoir a chuir an gearánach ar fáil.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(50) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(51) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú cáblaí snáthoptaice aonmhóid agus iad comhdhéanta de shnáithín amháin nó níos mó a bhfuil gach ceann faoi seach ina thruaille féin, faoi chásáil chosanta, bíodh seoltóirí leictreacha iontu nó ná bíodh, bíodh nascóirí orthu nó ná bíodh.

(52) Eisiatar na táirgí seo a leanas:

(a) cáblaí faoi bhun 500 méadar ar fad ina bhfuil na snáithíní optúla uile feistithe ina n-aonar le nascóirí oibriúcháin ag ceann amháin nó ag an dá cheann; agus

(b) cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí, atá inslithe le plaisteach, ina bhfuil seoltóir copair nó alúmanaim, ina bhfuil snáithíní i modúl miotail/modúil mhiotail.

(53) Úsáidtear cáblaí snáthoptaice mar mheán tarchurtha optúil i líonraí teileachumarsáide i líonraí cianaistir, meitreo agus rochtana.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(54) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na hIndia, atá faoi chód AC ex 8544 70 00 (cóid TARIC 8544 70 00 10 agus 8544 70 00 91) ('an táirge lena mbaineann') faoi láthair.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(55) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na hIndia; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(56) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(57) Fuair an Coimisiún iarraidh ar shoiléiriú maidir le raon feidhme an táirge ó tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin, is é sin Aksh Optifibre Limited ('Aksh').

(58) Mhaígh Aksh gurb amhlaidh, i gcás nach bhfuil cáblaí snáthoptaice comhdhéanta de shnáithíní i dtruaillí ar leithligh, gur cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe, i gcomhréir le sainmhíniú an táirge san Fhógra Tionscnaimh. I ndáil leis sin, d'áitigh an chuideachta gur cheart 'truaill' a thuiscint mar 'aon sraith a chumhdaíonn nó a luíonn go dlúth le rud éigin atá le cosaint'. Mhaígh AKSh go dtiocfadh gach snáithín nach bhfuil i dtruaill ar leith de réir na brí sin faoi cheannteideal CC 9001 ('cáblaí snáithíní optúla seachas iad siúd faoi cheannteideal CC 8544') agus nach bhfuil siad faoi réir an imscrúdaithe reatha. D'áitigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sin go mbeadh an tuairisc ar raon feidhme an táirge sa ghearán débhríoch, áfach, toisc gur shonraigh sé go gcumhdaítear snáithíní optúla le feadáin/modúil agus seaicéad aonair nó seaicéid iolracha chun an snáithín a chosaint, agus dá bhrí sin nár thagair sé go sainráite do 'thruaill'. Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin sin freisin go n-úsáidtear snáithíní optúla nach bhfuil i dtruaillí ar leithligh i bhfeidhmeanna éagsúla amhail líonraí cianaistir agus meitreo, agus nach n-úsáidtear snáithíní optúla a bhfuil snáithíní i dtruaillí ar leith iontu sna feidhmeanna sin.

(59) D'aontaigh HFCL agus Birla le Aksh gur cheart snáithíní optúla nach bhfuil i dtruaillí ar leithligh a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe seo. Chun tacú lena léirmhíniú ar cad is 'truaill ar leithligh', bhí siad ag brath ar bhreithiúnas an 21 Samhain 2017 ón mBinse Achomhairc Indiach i gcás an Commissioner of Customs (Import) Mumbai vs Vodafone Essar Gujarat Ltd. ([11]), a bhain le haicmiú custaim cáblaí snáthoptaice áirithe a allmhairítear san India. Rinne údarás na hIndia breithniú ar shainmhíniú an téarma 'ina dtruaill féin' agus chinn sé, maidir le 'truaill', gur rud é atá éagsúil le 'bratú'.

(60) D'easaontaigh Europacable leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia agus d'áitigh sé go meastar go ginearálta gur 'snáithín ina thruaill féin' é an bratú cosanta a chuirtear ar chroí snáithín gloine, ar dearcadh é sin a dheimhneofaí freisin leis an Nóta Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([12]) maidir le cód AC 8544 70 00, lena leagtar amach go bhfuil an croí snáithín gloine agus an cumhdach faoi chosaint ag 'truaill inmheánach an bhrataithe aicrioláite boige' agus ag 'truaill sheachtrach an bhrataithe aicrioláite crua'. Ar deireadh, d'athdhearbhaigh Europacable go gcumhdaíonn raon feidhme an imscrúdaithe reatha cáblaí snáthoptaice a úsáidtear, *inter alia*, i líonraí cianaistir, meitreo agus rochtana, i gcodarsnacht leis an méid a mhaígh Aksh.

(61) Mheas an Coimisiún nach raibh léirmhíniú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia ar an téarma 'snáithíní i dtruaillí ar leith' ag teacht leis an tuiscint san Aontas Eorpach, mar a soiléiríodh sna Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis an méid a mheabhraigh an Coimisiún thuas in aithris (18), cuireann rialú ó údarás eachtrach, amhail Binse Achomhairc na hIndia, leis an dlí eachtrach agus, dá bhrí sin, ní féidir tionchar a bheith aige ar léirmhíniú agus ar chur i bhfeidhm dhlí custaim an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh a rinne táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia ina leith sin.

3. DUMPÁIL

3.1. **An Gnáthluach**

(62) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús chun a fháil amach an méid ionadaíoch a bhí i méid iomlán na ndíolachán intíre i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch shampláilte, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolachán onnmhairiúcháin leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcás an táirge lena mbaineann. Ar an mbonn sin, measadh go raibh díolacháin iomlána an táirge chomhchosúil ag gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte den táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(63) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a raibh díolacháin intíre ionadaíocha acu.

([11]) Arna atáirgeadh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an leagan neamhrúnda den aighneacht ó HFCL an 2 Eanáir 2024 agus in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an leagan neamhrúnda d'aighneacht Birla an 2 Eanáir 2024.

([12]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.

(64) Rinne an Coimisiún scrúdú ansin lena fháil amach, maidir leis na díolacháin intíre a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ar a mhargadh intíre i gcás gach cineáil táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas, an raibh siad ionadaíoch i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch i gcás cineáil táirge más é a bhí i méid iomlán dhíolacháin intíre an chineáil táirge sin le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin 5 % ar a laghad de mhéid iomlán dhíolacháin onnmhairiúcháin an chineáil táirge chomhionann nó inchomparáide leis an Aontas. Shuigh an Coimisiún nach raibh díolacháin intíre cineálacha áirithe táirgí ionadaíoch i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(65) Ina dhiaidh sin, shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre i gcás gach cineáil táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh ar cheart díolacháin intíre iarbhír a úsáid chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(66) Bunaítear an gnáthluach ar an bpraghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge, gan beann ar cibé acu atá na díolacháin sin brabúsach nó nach bhfuil, más rud é:

(a) gurb éard a bhí i gceist le méid díolachán an chineáil táirge arna dhíol ar ghlanphraghas díola a bhí comhionann leis an gcostas táirgthe arna ríomh nó níos mó ná sin, méid níos mó ná 80 % den mhéid díolachán iomlán i gcás an chineáil táirge sin; agus

(b) go bhfuil meánphraghas díola ualaithe an chineáil táirge sin comhionann le costas aonaid an táirgthe nó níos mó ná sin.

(67) Sa chás sin, is é atá sa ghnáthluach meán ualaithe dhíolacháin intíre uile an chineáil táirge sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(68) Is é atá sa ghnáthluach an praghas intíre iarbhír in aghaidh an chineáil táirge a bhaineann le díolacháin intíre bhrabúsacha na gcineálacha táirgí sin, agus an méid sin amháin, le linn ná tréimhse imscrúdúcháin, más rud é:

(a) go bhfuil 80 % nó níos lú de mhéid díolachán iomlán an chineáil táirge i gceist le méid iomlán na ndíolachán i gcás an chineáil táirge sin nó

(b) go bhfuil meánphraghas ualaithe an chineáil táirge sin faoi bhun chostas aonaid an táirgthe.

(69) Léirigh an anailís ar chainníocht na ndíolachán intíre, ag brath ar an gcineál táirge agus ar an táirgeoir onnmhairiúcháin, go raibh 3 % go 97 % de na díolacháin intíre uile brabúsach agus go raibh an meánphraghas díola ualaithe níos airde ná costas an táirgthe, fad a bhí níos mó ná 5 % de dhíolacháin intíre an chineáil táirge faoi seach brabúsach. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe phraghsanna na ndíolachán intíre uile le linn na tréimhse imscrúdúcháin, sin nó mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(70) I gcás cineálacha áirithe táirgí nach ndearnadh aon díolachán intíre ar chineál táirge den táirge comhchosúil ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, shuigh an Coimisiún an gnáthluach bunaithe ar phraghsanna intíre na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile, ach amháin i gcásanna ina nochtfaí faisnéis rúnda ghnó mar thoradh ar na praghsanna sin a úsáid. I gcásanna den sórt sin, ríomh an Coimisiún an gnáthluach trí mheánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart uile a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre a chur leis an gcostas táirgthe. Cuireadh faisnéis mhionsonraithe ar fáil sna nochtaí aonair do na táirgeoirí onnmhairiúcháin lena mbaineann ar chúiseanna rúndachta.

(71) I gcás cineálacha áirithe táirgí nár díoladh aon cheann de chineál táirge an táirge chomhchosúil ina leith, nó nár díoladh cainníochtaí dóthanacha díobh, sa ghnáthchúrsa trádála nó i gcás nár díoladh cainníochtaí ionadaíocha de chineál táirge ar an margadh intíre, ríomh an Coimisiún an gnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán.

(72) I gcás cineálacha áirithe táirgí, ríomhadh an gnáthluach tríd an méid seo a leanas a chur leis an meánchostas táirgeachta ar tháirge comhchosúil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

(a) na meánchostais ualaithe SGA a thoibhigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. agus

(b) an meánbhrabús ualaithe a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar dhíolacháin intíre an táirge chomhchosúil, sa ghnáthchúrsa trádála, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(73) Maidir leis na cineálacha táirge nár díoladh cainníochtaí ionadaíocha díobh ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála ar an margadh intíre i gcás na gcineálacha sin a chur san áireamh. Maidir le cineálacha táirge nár díoladh ar chor ar bith ar an margadh intíre, rinneadh meánchostais ualaithe SGA agus brabús na n-idirbheart a rinneadh sa ghnáthchúrsa trádála a chur san áireamh.

(74) Le linn na bhfíorúchán ar an láthair, mhaígh Grúpa HFCL agus grúpa STL nár cheart go n-áireodh costas táirgthe le haghaidh cáblaí snáthoptaice an brabús a aistrítear idir páirtithe comhlachaithe nó idir rannáin ghnó a mhonaraíonn na táirgí leathchríochnaithe (amhail gloine réamhfhoirmithe agus/nó snáithíní optúla) a úsáidtear i dtáirgeadh cáblaí snáthoptaice. Mhínigh na páirtithe sin gurb amhlaidh, i gcás phrionsabail an airgeadais, na cuntasaíochta nó na gcánacha, go raibh an praghas aistrithe idir dhá rannán gnó bunaithe ar phraghsanna an mhargaidh. Dá bhrí sin, ag brath ar phraghas an mhargaidh, d'fhéadfadh praghas an aistrithe a bheith níos airde i gcomparáid leis na costais iarbhír a bhaineann leis na táirgí leathchríochnaithe a tháirgeadh. Mhaígh an dá pháirtí go raibh céatadán áirithe den bhrabús san áireamh sa phraghas/luach aistrithe idir rannáin ghnó/páirtithe comhlachaithe. D'úsáid an Coimisiún na costais táirgthe mar a chuir an chuideachta in áirithe agus mar a thuairiscigh sí iad mar chostais fhíoraithe ina córas cuntasaíochta. Mheas an Coimisiún gur léirigh na costais sin a cuireadh in áirithe na costais i ndáil leis na táirgí leathchríochnaithe sin i gceart agus dá bhrí sin nach raibh aon bhunús le coigeartú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(75) I gcás cuideachta amháin laistigh de Ghrúpa Birla agus cuideachta amháin laistigh de Ghrúpa STL, d'áirigh costais SGA costais agus ioncam freisin nach raibh nasctha le díolacháin OFCanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, tugadh neamhaird ar na speansais agus ar an ioncam airgeadais sin i ríomh na speansas SGA a úsáideadh chun an gnáthluach a chinneadh. Soláthraíodh mínithe níos mionsonraithe sa nochtadh aonair do na táirgeoirí onnmhairiúcháin sin mar gheall ar chúiseanna rúndachta.

3.2. **An praghas onnmhairiúcháin**

(76) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir.

(77) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha iarbhír le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(78) Mhaígh Grúpa STL nach raibh a fhochuideachta ghaolmhar atá lonnaithe sa Fhrainc ag gníomhú mar allmhaireoir comhlachaithe ach go raibh ról teoranta aici sa lóistíocht (i.e. ag gníomhú mar thrádstóras).

(79) Mar sin féin, léirigh an chuairt fíorúcháin san India go raibh an fhoireann a bhí fostaithe ag STL France ag déileáil leis na hoibríochtaí imréitigh custaim, le díolacháin OFCanna agus le forbairt mhargadh na Fraince. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an fhochuideachta chomhlachaithe ag gníomhú mar allmhaireoir comhlachaithe agus gur ríomh sí an praghas onnmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(80) Dá réir sin, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas. Sa chás seo, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a bhí fabhraithe. In éagmais comhoibriú ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe, bhí an Coimisiún ag brath ar an mbrabús a suíodh san imscrúdú ar an tSín le haghaidh allmhaireoir neamhchomhlachaithe den táirge céanna leis an táirge lena mbaineann san imscrúdú reatha agus nochtadh an brabús sin i raonta, i.e. 15 % – 25 % ([13]). Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún 20 % a úsáid mar bhrabús.

(81) Thairis sin, dhíol Grúpa STL cáblaí snáthoptaice le dara cuideachta chomhlachaithe ag an gcéim shealadach, ach ní raibh an Coimisiún in ann costas próiseála, costais SGA agus corrlach brabúis réasúnta a shuí ar ar a bhonn sin ba cheart praghsanna onnmhairiúcháin na n-idirbheart sin a ríomh de réir bhrí Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, níor cuireadh na díolacháin sin san áireamh chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí ag an gcéim shealadach. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú breise ar an tsaincheist sin, áfach, agus suífidh sé na gnéithe sin ag an gcéim chinntitheach den imscrúdú seo.

([13]) Aithrisí (28) agus (367) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011.

3.3. **Comparáid**

(82) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(83) Ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus liúntais a thabhairt i leith difríochtaí i bhfachtóirí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanadh ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) liúntais a thabhairt i leith difríochtaí i bhfachtóirí a maíodh agus a léiríodh a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.3.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(84) Chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar iompar, costais trádstórála, árachas, speansais láimhseála agus lódála agus speansais phacála.

(85) Tugadh liúntais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: coimisiún, costais chreidmheasa agus muirir bhainc.

3.3.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(86) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar iompar, costais trádstórála, árachas, speansais láimhseála agus lódála agus speansais phacála.

(87) Tugadh liúntais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: coimisiún, costais chreidmheasa agus muirir bhainc.

(88) D'éiligh gach cuideachta shampláilte coigeartuithe ar an bpraghas onnmhairiúcháin le haghaidh aisíoc dleachta agus Loghadh Dleachtanna agus Cánacha ar Tháirgí Onnmhairithe (RODTEP). Thug an Coimisiún dá aire, faoi Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán, go ndéanfar coigeartú le haghaidh scéimeanna den sórt sin ar an ngnáthluach, seachas ar an bpraghas onnmhairiúcháin. Ina theannta sin, faoi na scéimeanna, fuair na honnmhaireoirí sampláilte aisíocaíochtaí onnmhairiúcháin arbh fhiú céatadán áirithe de luach an tsonraisc onnmhairiúcháin, nó méid áirithe in aghaidh an aonaid táirge a onnmhairíodh, iad is cuma ar íocadh aon dleachtanna nó cánacha iarbhír ar na hamhábhair a úsáideadh sna cáblaí snáthoptaice a onnmhairíodh agus is cuma cén méid a bhí i gceist. Ar deireadh, ní fhéadfaí na coigeartuithe a éilíodh a nascadh leis na méideanna a chomhfhreagraíonn d'aon mhuirir allmhairúcháin nó cánacha neamhdhíreacha a iompraíodh i leith an táirge chomhchosúil agus i leith ábhair atá corpraithe go fisiciúil ann, de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 2(10)(b) den bhun-Rialachán. Ar na cúiseanna thuas, diúltaíodh don mhaíomh.

3.4. **Corrlaigh dhumpála**

(89) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann leis an gcineál comhfhreagrach den táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(90) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
MP Birla Group	6,9 %
Sterlite Technologies Limited	11,4 %
HFCL Limited	0 %

(91) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, gan aird a thabhairt ar an onnmhairiú a cinneadh nach raibh dumpáil i gceist leis.

(92) Ar an mbonn sin, is é 9,0 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte.

(93) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile san India, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhoibríochta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(94) Measadh go raibh an leibhéal comhoibríochta sa chás seo ard toisc gur chumhdaigh onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a sampláladh agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(95) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Grúpa MP Birla	6,9 %
Grúpa Sterlite Technologies Limited	11,4 %
HFCL Group	0 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,0 %
Gach cuideachta eile	11,4 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. **Aonad tomhais**

(96) Cé go dtuairiscítear an staidreamh allmhairiúcháin oifigiúil i gcileagraim, mheas an Coimisiún nach raibh an t-aonad sin oiriúnach chun na méideanna lena mbaineann a thomhas i gceart. Léiríonn an t-imscrúdú gur minic nach meáchan ach fad a úsáideann an tionscal mar phríomhtháscaire méid. D'fhéadfadh sé sin fad an chábla (cábla-km) nó fad iomlán na snáithíní atá ann (snáithín-km) a thomhas. Le linn an imscrúdaithe ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne ([14]), mheas an Coimisiún gurb é cábla-km an t-aonad tomhais is iomchuí. Baineadh úsáid as an gcur chuige céanna sa chás seo.

4.2. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(97) Rinne 14 tháirgeoir nó ghrúpa táirgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad sin a chomhdhéanann 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(98) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe ag thart ar 1,7 milliún cábla-km. Shuigh an Coimisiún an figiúr sin ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail faisnéis dhíreach ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ó chúig tháirgeoir eile de chuid an Aontais a thacaíonn leis an ngearán agus ó fhaisnéis mhargaidh le haghaidh na dtáirgeoirí eile. Mar a léirítear in aithris (41), is é a bhí i dtrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais níos mó ná 50 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta maidir leis an táirge comhchosúil.

([14]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011, aithris (402).

4.3. **Úsáid faoi chuing**

(99) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhumpáil agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla a bhaineann le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, úsáid thionscal an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil i ndiaidh sin (úsáid faoi chuing) a chur san áireamh san anailís.

(100) Rinne an Coimisiún amach go raibh idir 9 % agus 13 % de tháirgeacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais dírithe ar úsáid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Sa chás sin seachadadh na cáblaí laistigh de ranna den chuideachta chéanna nó chuig grúpaí cuideachtaí le haghaidh tuilleadh próiseála iartheachtacha, go háirithe chun cáblaí atá feistithe le nascóirí a tháirgeadh.

(101) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus margadh saor a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach ndéantar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing a nochtadh d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá na táirgí a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(102) Chun léargas chomh hiomlán agus ab fhéidir a thabhairt ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh na gníomhaíochta snáthoptaice iomláine agus chinn sé an raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing nó ar an margadh saor.

(103) Rinne an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais a scrúdú ar bhonn sonraí maidir leis an margadh saor. Is iad seo na táscairí sin: méid na ndíolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; sciar den mhargadh; fás; méid agus praghsanna na n-onnmhairí; brabúsacht; toradh ar infheistíocht; agus sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí maidir leis an margadh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(104) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais ([15]). Seo iad: táirgeacht; acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; pá; agus an cumas chun caipiteal a thiomsú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an margadh saor.

4.4. **Tomhaltas an Aontais**

(105) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn na ndíolachán a rinne tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais mar a chinn an gearánach móide sonraí allmhairiúcháin ón India arna suí i gcomhréir leis an modheolaíocht a thuairiscítear i Roinn 4.6.1.

(106) Suíodh allmhairí ó thríú tíortha eile ar bhonn sonraí ó Eurostat. Ós rud é go sainaithníonn Eurostat allmhairí an táirge lena mbaineann in kg, tiontaíodh allmhairí ina gcábla-km i gcomhréir le haithris (96) agus úsáid á baint as an bhfachtóir coinbhéartachta céanna a cuireadh i bhfeidhm ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin Indiacha.

(107) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (cábla-km)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais (margadh saor agus margadh faoi chuing)	2 388 549	2 744 968	2 578 597	2 480 978
Innéacs	*100*	*116*	*108*	*104*

([15]) Bhí na táscairí sin bunaithe ar shonraí díreacha a bhailigh an gearánach maidir leis na 8 dtáirgeoir de chuid an Aontais atá ag gearán nó ag tacú leo, ar táirgeoirí iad ar chomhionann a líon agus 50 % de tháirgeacht an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin móide meastachán ar na táirgeoirí eile de chuid an Aontais ar bhonn taighde margaidh agus faisnéise.

Margadh faoi chuing	139 500	141 971	212 803	205 264
Innéacs	*100*	*88*	*145*	*145*
An margadh saor	2 249 049	2 602 997	2 365 795	2 275 714
Innéacs	*100*	*116*	*105*	*101*

Foinse: Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, Eurostat, gearánach.

(108) Tháinig méadú 16 % ar thomhaltas iomlán an Aontais, lena n-áirítear tomhaltas an mhargaidh shaoir agus tomhaltas an mhargaidh faoi chuing, idir 2020 agus 2021 ó thart ar 2,4 milliún cábla-km in 2020 go thart ar 2,7 milliún cábla-km in 2021. Idir 2022 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig laghdú thart ar 4 % air go dtí thart ar 2,5 milliún cábla-km. Is é atá sa mhíniú ar an méadú ar thomhaltas in 2021 éifeacht cúitimh a bheith ann tar éis na suaití a bhain le paindéim COVID-19.

(109) Is éard atá sa mhargadh faoi chuing úsáid cáblaí snáthoptaice i réitigh nascachta arna dtairiscint ag na cuideachtaí, lena n-áirítear cáblaí atá feistithe le nascóirí. Bhí na méideanna cothrom le 9 % de thomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú 45 % ar dhíolacháin faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(110) Tháinig forbairt ar thomhaltas an mhargaidh shaoir i gcomhréir le tomhaltas iomlán an Aontais. Tháinig méadú 15 % air in 2021, agus tháinig laghdú 9,5 % air ina dhiaidh sin in 2022 agus méadú 5,7 % sa tréimhse imscrúdúcháin. Bhí méadú 1 % i gceist ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

4.5. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.5.1. *Méid agus sciar margaidh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(111) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ón India ar bhonn na bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus na faisnéise a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte comhoibríocha. Mar a luaitear in aithris (96), ba é cábla-km an t-aonad tomhais a úsáideadh. Ar an mbonn sin, ba é a bhí i méid na n-allmhairí ón India le linn na tréimhse imscrúdúcháin 113 % d'allmhairí iomlána na hIndia a thuairiscigh Eurostat le haghaidh na tréimhse céanna.

(112) D'iarr Europacable ar an gCoimisiún allmhairí a dearbhaíodh faoi chód tráchtearraí 9001 10 a chur san áireamh freisin agus méideanna allmhairí ón India á gcinneadh, ag maíomh go ndéanfadh na táirgeoirí onnmhairiúcháin Indiacha allmhairí cáblaí snáthoptaice a dhearbhú go mícheart faoin gcód sin. Ós rud é gur sháraigh na méideanna allmhairí a dhearbhaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia na méideanna a taifeadadh faoi chód AC 8544 70 00 agus faoi chóid TARIC 8544 70 00 10 agus 8544 70 00 91, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina léiriú ar mhídhearbhuithe den sórt sin. Mar sin féin, i bhfianaise an chomhoibrithe aird a fuarthas ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin san India, sainaithníodh na cainníochtaí allmhairiúcháin ón India le hardleibhéal cruinnis, gan beann ar na cóid AC faoinar dearbhaíodh iad. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(113) Suíodh sciar margaidh na n-allmhairí iomlána ón India ar bhonn mhéid na n-allmhairí i gcomparáid le méid thomhaltas iomlán an mhargaidh shaoir a léirítear i dTábla 2.

(114) Mar a thuairiscítear in aithris (90), fuarthas dumpáil shuntasach i gcás dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún idirdhealú idir allmhairí dumpáilte agus allmhairí neamhdhumpáilte ón India san anailís bhreise. Dá bhrí sin, tugtar aghaidh thíos ar éifeacht na n-allmhairí dumpáilte ar staid thionscal an Aontais, agus scrúdaítear éifeacht na n-allmhairí neamhdhumpáilte faoi ghnéithe cúisíochta in aithrisí (182) agus (183). Dá bhrí sin, cuirtear allmhairí neamhdhumpáilte i láthair agus a phlé i dTábla 12 thíos.

(115) B'ionann méid na n-allmhairí neamhdhumpáilte ó HFCL Group agus [25 – 35 %] de na hallmhairí iomlána ón India le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chun a shuí an bhféadfaí na torthaí maidir leis an gcuideachta sin a leathnú chuig na hallmhairí neamhshampláilte uile, rinne an Coimisiún comparáid idir praghsanna HFCL agus praghsanna ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte. Ar bhonn na faisnéise a tíolacadh sna foirmeacha samplála agus sa fhreagra ar an gceistneoir, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin HFCL [5 – 15 %] níos airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin na 5 onnmhaireoir neamhshampláilte de chuid na hIndia a thíolaic freagraí samplála isteach. B'ionann méid iomlán onnmhairí na gcuideachtaí sin agus 15 % de na hallmhairí uile ón India isteach san Aontas. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nach bhféadfadh sé na torthaí nach raibh dumpáil ann maidir le HFCL Group a leathnú chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte.

(116) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí dumpáilte agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann (cábla-km)	[48 300 – 58 500]	[76 300 – 92 400]	[136 700 – 165 500]	[136 700 – 165 400]
Innéacs	*100*	*158*	*283*	*283*
Sciar den mhargadh (%)	[2 – 3]	[2 – 4]	[5 – 7]	[6 – 8]
Innéacs	*100*	*136*	*269*	*279*

Foinse: Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte agus neamhshampláilte, Eurostat.

(117) Léirigh allmhairí dumpáilte ón India méadú mór le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó [48 300 – 58 500] cábla-km in 2020 go [136 700 – 165 400] cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Sáraíonn an méadú 183 % sin go mór an fhorbairt ar thomhaltas agus léiríonn sé méid an dul i bhfód ar an margadh ag allmhairí ón India.

(118) Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí dumpáilte ó [2 – 3] % go [6 – 8] % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sin méadú géar 181 %. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tháinig méadú ar mhéideanna na n-allmhairí dumpáilte ón India go háirithe sa tréimhse 2020-2022.

4.5.2. *Praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, sladghearradh praghsanna agus cúngach praghsanna*

(119) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ar bhonn na bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus na faisnéise a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte comhoibríocha. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn phraghsanna CAL na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus na bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(120) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí dumpáilte isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/cábla-km)

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An India	1 015	593	574	548
Innéacs	*100*	*58*	*57*	*54*

Foinse: Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte agus neamhshampláilte.

(121) Tháinig laghdú ó 1 015 go 548 EUR/cábla-km ar phraghsanna allmhairí dumpáilte ón India le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sin laghdú 46 %. Ach amháin i gcás 2020; Bhí praghsanna Indiacha go comhsheasmhach faoi bhun phraghas thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach Tábla 8).

(122) I bhfianaise an mhéid sin, chinn an Coimisiún an sladghearradh praghsanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid le chéile:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte an Aontais arna muirearú ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha; agus

(2) na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí comhoibríocha sampláilte de chuid na hIndia chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí le haghaidh costais iar-allmhairiúcháin.

(123) I gcás inar coigeartaíodh an praghas onnmhairiúcháin de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán maidir leis an ríomh dumpála, chun an corrlach sladghearrtha agus díobhála a ríomh, ríomhadh an praghas onnmhairiúcháin ('CAL ríofa') ar bhonn an luacha sonraisc don chéad chustaiméir neamhspleách, ónar asbhaineadh liúntais a bhaineann le hallmhairiú chuig an bpointe CAL, chomh maith le costais SGA agus brabús an allmhaireora ghaolmhair, agus Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm de réir analaí, mar a cheadaítear leis an gcásdlí ([16]).

(124) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Maidir leis an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte ar suíodh go raibh dumpáil á déanamh acu, léirigh sé corrlach sladghearrtha 37 % agus 46 % faoi seach.

(125) Ar chaoi ar bith, gan beann ar thorthaí an tsladghearrtha, shuigh an Coimisiún gur laghdaigh na hallmhairí dumpáilte praghsanna an Aontais go suntasach, praghsanna ar tháinig laghdú orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus gur tháinig méadú leanúnach ar an gcostas táirgthe. Níorbh fhéidir le tionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú go dtí na leibhéil ba ghá chun brabúis réasúnacha a dhéanamh, mar a léiríodh leis na leibhéil ghearrdhíola a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.6. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.6.1. *Barúlacha ginearálta*

(126) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

([16]) Breithiúnas i gCás T-865/19, AO Nevinnomysskiy Azot e.a. v An Coimisiún, EU:T:2022:559, míreanna 238-239, ar seasadh leo i gCás C-725/22 P, AO Nevinnomysskiy Azot e.a. v An Coimisiún, EU:C:2024:217.

(127) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí sa fhreagra ar cheistneoir a chuir an gearánach isteach agus inar cumhdaíodh sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí ar cheistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Bhain na sonraí le táirgeoirí sampláilte an Aontais. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(128) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(129) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.6.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.6.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(130) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid táirgeachta (cábla-km)	1 441 476	1 694 627	1 755 090	1 730 822
Innéacs	*100*	*118*	*122*	*120*
An acmhainneacht táirgeachta (cábla-km)	2 475 938	2 605 845	2 678 345	2 796 286
Innéacs	*100*	*105*	*108*	*113*
Úsáid acmhainneachta (%)	58	65	66	62
Innéacs	*100*	*112*	*113*	*106*

Foinse: Macraicheistneoir fíoraithe.

(131) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais ó thart ar 1,4 milliún cábla-km go tuairim is 1,7 milliún cábla-km, i.e. 20 % ar an iomlán. Léirigh anailís níos mionsonraithe gur tharla an méadú ar an méid táirgeachta go príomha ó 2020 go 2021 nuair a tháinig méadú 18 % air, gur tháinig méadú beag eile 4 % air in 2022, agus gur thit sé 1 % arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(132) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 13 % ar an acmhainneacht táirgeachta, rud a léiríonn na hinfheistíochtaí a rinne roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais. D'ainneoin an mhéadaithe, d'fhan na leibhéil infheistíochta ar an iomlán ar leibhéil an-íseal agus bhí siad ar an íosmhéid ba ghá chun láithreacht thionscal an Aontais sa mhargadh a choinneáil ar bun.

(133) Tháinig méadú 13 % ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse 2020 go 2022, agus tháinig laghdú 4 phointe céatadáin ina dhiaidh sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ar laghdú é arb é is cúis leis laghdú ar tháirgeacht le linn na tréimhse céanna.

4.6.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(134) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (an margadh saor agus an margadh faoi chuing) (cábla-km)	1 023 831	1 185 920	1 212 812	1 244 041
Innéacs	*100*	*116*	*118*	*122*
Díolacháin an mhargaidh faoi chuing (cábla-km)	139 500	141 971	212 803	205 264
Innéacs	*100*	*102*	*153*	*147*
An sciar den mhargadh ag díolacháin an mhargaidh faoi chuing mar % den mhargadh saor (%)	6,4	5,6	9,3	9,3
Innéacs	*100*	*88*	*146*	*146*
Díolacháin ar an margadh saor (cábla-km)	884 331	1 043 949	1 000 009	1 038 777
Innéacs	*100*	*118*	*113*	*117*
An sciar den mhargadh a bhain le díolacháin ar an margadh saor (%)	40,4	41,3	43,7	47,2
Innéacs	*100*	*102*	*108*	*117*

Foinse: Macraicheistneoir fíoraithe.

(135) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú ar mhéid díolachán iomlán thionscal an Aontais ar an margadh saor agus ar an margadh faoi chuing ó thart ar 1 mhilliún cábla-km in 2020 go dtí os cionn 1,2 milliún cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i.e. méadú 22 %.

(136) Tháinig méadú ar mhéid díolachán an Aontais ar an margadh saor ó thart ar 880 000 cábla-km in 2020 go dtí thart ar 1 040 000 cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin, i.e. méadú 17 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. B'ionann sin agus méadú ar an sciar den mhargadh ó 40,4 % in 2020 go 47,2 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(137) Ní mór dhá phríomhthoisc a chur i leith an mhéadaithe ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú: (i) cúngú praghsanna a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais (féach Roinn 5.1) agus (ii) bearta frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí OFCanna na Síne i mí na Samhna 2021. Le linn tréimhse ina raibh an tomhaltas beagnach cobhsaí, fuarthas sciar margaidh tháirgeoirí an Aontais ar ais beagnach go heisiach in aghaidh allmhairí dumpáilte na Síne. Mar a mhínítear thíos i Roinn 4.6.2.3, ní fhéadfadh tionscal an Aontais tairbhe iomlán a bhaint as éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna frithdhumpála i gcoinne na Síne toisc gur ghlac na hallmhairí dumpáilte ón India ionad cuid shuntasach de dhíolacháin na Síne.

(138) Léirigh margadh faoi chuing thionscal an Aontais (arna shloinneadh mar chéatadán de thomhaltas an mhargaidh shaoir) treocht mhéadaitheach le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 6,2 % in 2020 go 9,0 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is éard atá sa mhargadh faoi chuing cáblaí snáthoptaice a úsáideadh chun críche nascachta (cáblaí titime, cáblaí laistigh d'fhoirgneamh agus cáblaí lárionad sonraí). Tá éileamh méadaithe ar an margadh cónasctha, agus is é sin an chúis atá leis an méadú ar úsáid faoi chuing cáblaí snáthoptaice. I bhfianaise phraghsanna níos airde na dtáirgí sin agus na hacmhainneachta breise atá ar fáil, roghnaíonn tionscal an Aontais an gnó úsáide faoi chuing a choinneáil ar bun ós rud é go gceadaítear leis idirdhealú a dhéanamh idir táirgí, úsáid acmhainneachta a mhéadú agus an costas aonaid a ísliú agus go raibh tionchar dearfach aige ar bhrabúsacht fhoriomlán thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, ní raibh aon tionchar diúltach aige ar staid eacnamaíoch fhoriomlán Thionscal an Aontais.

4.6.2.3. Fás

(139) D'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne, ní raibh tionscal an Aontais in ann sciar suntasach den mhargadh a fháil ar ais. Cé gur laghdaíodh sciar de mhargadh na Síne go mór ó 37.5 % go 22.6 %, chuaigh na hallmhairí ón India a bhí dumpáilte agus neamhdhumpáilte chun tosaigh air, ar tháinig méadú suntasach orthu ó 2.3 % go 6.3 %. Dá bhrí sin, cuireadh cosc ar thionscal an Aontais tairbhe iomlán a bhaint as cothrom na Féinne, ó thaobh iomaíochta, a bhunú le hallmhairí na Síne agus cuireadh cosc air a mhéideanna táirgeachta agus díolacháin a mhéadú dá réir.

4.6.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(140) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Líon na bhfostaithe (FTE)	4 559	4 970	5 136	5 141
Innéacs	*100*	*109*	*113*	*113*
Táirgiúlacht (cábla-km/FTE)	316	341	342	337
Innéacs	*100*	*108*	*108*	*106*

Foinse: Macraicheistneoir fíoraithe.

(141) Tháinig méadú 13 % ar fhostaíocht thionscal an Aontais ó 2020 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn FTE. Leanann an fhorbairt sin an treocht sa mhéid táirgeachta a léirítear i dTábla 5, den chuid is mó.

(142) Ós rud é go leanann figiúirí i leith táirgeachta agus figiúirí i leith fostaíochta a chéile go dlúth, lean an táirgiúlacht i dtéarmaí cábla-km de bheith cobhsaí den chuid is mó.

4.6.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(143) Bhí corrlaigh dhumpála allmhairí dumpáilte na hIndia lena gcumhdaítear [6 – 8] % den sciar den mhargadh i bhfad níos airde ná an leibhéal *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(144) Tá OFCanna curtha faoi réir imscrúdú frithdhumpála cheana féin. Forchuireadh bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí ón tSín i mí na Samhna 2021 agus leasaíodh iad i mí Lúnasa 2023 tar éis imscrúdú frithionsúcháin ('an t-imscrúdú frithionsúcháin') ([17]). Le linn an chéad leath den tréimhse faoi bhreathnú, bhí difear á dhéanamh fós ag allmhairí dumpáilte ón tSín do staid thionscal an Aontais, lena n-áirítear a leibhéal brabúsachta, mar a phléitear i Roinn 5 thíos. Ní fhéadfadh tionscal an Aontais tairbhe iomlán a bhaint as éifeacht cheartaitheach na ndleachtanna ar allmhairí Síneacha mar gheall ar ionsú na ndleachtanna frithdhumpála tosaigh, ó na honnmhaireoirí Síneacha, agus an méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte Indiacha, mar a mhínítear thíos in aithris (173).

4.6.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.6.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(145) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1617.

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/ cábla-km)	692	655	667	671
Innéacs	*100*	*95*	*96*	*97*
Meánchostas aonaid an táirgthe (EUR/ cábla-km)	608	578	648	662
Innéacs	*100*	*95*	*107*	*109*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(146) Tháinig laghdú 5 % ar phraghsanna díola ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamhchomhlachaithe (an saormhargadh) idir 2020 agus 2021 agus tháinig méadú beag orthu sna blianta ina dhiaidh sin, gan leibhéil 2020 a bhaint amach, áfach.

(147) Cé gur tháinig laghdú 5 % ar chostas aonaid an táirgthe sa tréimhse 2020-2021, i gcomhréir le meánphraghsanna i saormhargadh an Aontais, léirigh sé méadú sa tréimhse 2021-IP (i.e. méadú 14,5 %), agus níor tháinig ach méadú 2,4 % ar phraghsanna díola. Tharla an méadú costais idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin go príomha mar gheall ar mhéaduithe ar phraghsanna amhábhar agus ar chostais fostaíochta i gcomhréir le forbairtí boilscitheacha.

4.6.3.2. Costais saothair

(148) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	30 314	30 797	32 569	35 384
Innéacs	*100*	*102*	*107*	*117*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(149) Léirigh na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí méadú seasta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Léiríonn sé sin costais bhreise an lucht saothair, lena n-áirítear coigeartuithe i leith an bhoilscithe.

4.6.3.3. Fardail

(150) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (cábla-km)	51 590	55 261	44 930	62 559
Innéacs	*100*	*107*	*87*	*121*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	3,6	3,3	2,6	3,6
Innéacs	*100*	*91*	*72*	*101*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(151) Bhí luaineacht ann maidir le stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais ach tháinig méadú foriomlán 21 % orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ós rud é go ndéantar formhór an táirgthe ar bhonn orduithe agus shonraíochtaí custaiméirí, ní táscaire fóinteach díobhála iad fardail.

4.6.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(152) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	12,7	10,7	3,9	3,4
Innéacs	*100*	*84*	*31*	*27*
Sreabhadh airgid (EUR)	74 368 597	65 137 408	36 942 692	38 047 732
Innéacs	*100*	*88*	*50*	*51*
Infheistíochtaí (EUR)	11 062 374	5 557 882	9 359 958	15 934 927
Innéacs	*100*	*50*	*85*	*144*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	31	30	13	18
Innéacs	*100*	*96*	*41*	*57*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(153) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(154) Tháinig laghdú leanúnach ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus thit sí ó 12,7 % in 2020 go 3,4 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tharla an laghdú ba shuntasaí ar bhrabúsacht in 2022 i gcomhthráth le méadú suntasach ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí dumpáilte na hIndia ó [2 – 3] % go [6 – 8] %. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 9 % ar chostas thionscal an Aontais agus níor tháinig ach méadú 3 % ar phraghsanna díola, ar laghdú é a tharla mar gheall ar bhrú ar phraghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón India.

(155) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. D'fhorbair an treocht i nglansreabhadh airgid i gcomhréir leis an treocht i mbrabúsacht agus léirigh sé laghdú láidir thart ar 50 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(156) Tháinig laghdú suntasach thart ar 50 % ar infheistíochtaí idir 2020–2021. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhéadfaí leibhéal na n-infheistíochtaí a aisghabháil agus fiú méadú 44 % a dhéanamh air i gcomparáid le 2020. Mar sin féin, d'fhan infheistíochtaí ar leibhéil ísle ar an iomlán ó thús na tréimhse faoi bhreathnú agus rinneadh iad den chuid is mó chun gnóthachain éifeachtúlachta a dhéanamh, chun saoráidí atá ann cheana a choinneáil ar bun agus chun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhéanamh. Mar thoradh díreach ar an mbrú ó allmhairí dumpáilte, bhí ar thionscal an Aontais infheistíochtaí a chur siar.

(157) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach ar an toradh ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus thit sé 43 %. Léiríonn an fhorbairt dhiúltach sin gurb amhlaidh, cé gur leanadh d'infheistíochtaí a dhéanamh, chun éifeachtúlacht agus iomaíochas a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, gur thit torthaí na n-infheistíochtaí sin go substaintiúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann feabhas a chur ar an ráta brabúsachta.

(158) Agus torthaí ar infheistíochtaí ag titim chomh tapa sin, is léir go bhfuil an cumas chun caipiteal a thiomsú amach anseo i mbaol má theipeann ar an staid i gcónaí feabhsú.

4.6.4. *Éilimh a bhaineann leis an anailís díobhála*

(159) Mhaígh STL gurb amhlaidh, ar bhonn freagraí tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir, go raibh feabhas leordhóthanach tagtha ar staid thionscal an Aontais, go háirithe maidir le táirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta, díolacháin neamhchomhlachaithe agus díolacháin faoi chuing, onnmhairí, fostaíocht agus infheistíochtaí, agus dá bhrí sin nár bhain aon díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. D'áitigh STL freisin go raibh táirgeoirí an Aontais brabúsach ar an iomlán agus leibhéil éagsúla brabúsachta acu mar gheall ar shamhlacha gnó éagsúla.

(160) Níor aontaigh an Coimisiún le conclúidí STL. Mar a leagtar amach in aithrisí (169) go (170), léirigh an anailís ar na táscairí díobhála gur bhain díobháil airgeadais ábhartha do thionscal an Aontais i bhfoirm brabúis níos ísle agus titim ar infheistíochtaí agus ar an toradh orthu.

(161) Ina theannta sin, mar a mhínítear thíos in aithrisí (164) go (168), léirítear san anailís ar dhíolacháin trí thairiscintí go raibh an creimeadh praghsanna ag géarú a thuilleadh in ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm i gcoinne allmhairí ón tSín agus go leanfadh sé de sin a dhéanamh mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón India atá ag dul i méid go tapa. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh STL ina leith sin.

4.6.5. *Anailís ar thairiscintí*

(162) Díoltar formhór mór na gcáblaí snáthoptaice trí nósanna imeachta tairisceana, agus díoltar cáblaí snáthoptaice eile trí spotdíolacháin aonair. Chun na léargais is gá a fháil ar an ngné mhargaidh sin, d'iarr an Coimisiún faisnéis mhionsonraithe ar thairiscintí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na hIndia, ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais, ó allmhaireoirí sampláilte an Aontais agus ó úsáideoirí sampláilte an Aontais. Iarradh faisnéis maidir le saintréithe na dtairiscintí, amhail próiseas, uainiú agus saintréithe ábhartha eile. Níor ghlac aon eintiteas tairisceana poiblí ná aon oibreoir teileachumarsáide páirt san imscrúdú ná níor chuir siad faisnéis ar fáil.

(163) Léirigh an t-imscrúdú pictiúr ilroinnte de thairiscintí, lena n-áirítear i dtéarmaí próisis, raon feidhme agus torthaí. Is féidir le heintitis phoiblí nó phríobháideacha, amhail móroibreoirí teileachumarsáide, iad a eagrú. Is féidir caibidlíocht i dtairiscintí a dhéanamh i bhfoirmeacha éagsúla, amhail ríomhcheantanna nó tairiscintí díreacha. Mairfidh an próiseas tairisceana 3-6 mhí go hiondúil ó fhógairt na tairisceana go dtí an chonclúid. Laistigh de thréimhse aon mhí go dhá mhí tar éis dheireadh na tairisceana, eiseoidh an custaiméir orduithe ceannaigh agus déanfar seachadtaí de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a shainítear sa chonradh. Dheimhnigh an t-imscrúdú gurb é an praghas an critéar ceannaigh is tábhachtaí, ag cur san áireamh go n-eisítear tairiscintí le haghaidh táirgí a bhfuil a saintréithe teicniúla sonraithe go mion ([18]).

(164) Géaraíodh ar an iomaíocht i leith an phróisis tairisceana ós rud é gur chuir láithreacht tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia a bhí ag tairiscint ar phraghsanna an-íseal brú ar thionscal an Aontais a phraghsanna a laghdú go leibhéil neamh-inbhuanaithe mar iarracht tairiscintí na hIndia a mheaitseáil agus chuir sé sin cosc orthu a méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. De ghnáth, ní áiríonn coinníollacha na tairisceana oibleagáid chonarthach ar an gceannaitheoir an chainníocht a tairgeadh a cheannach, ach áiríonn siad oibleagáid chonarthach ar an soláthróir an chainníocht a tairgeadh a sholáthar ar an bpraghas a tairgeadh.

(165) Ós rud é go soláthraítear an chuid is mó den mhargadh trí thairiscintí, is é an sásra tairisceana an socraitheoir praghsanna sa mhargadh. Dá bhrí sin, in ainneoin na gcainníochtaí measartha íseal a dhíoltar, is iad onnmhaireoirí na hIndia atá ag tairiscint ar phraghsanna i bhfad níos ísle ná tionscal an Aontais, na cinn a shocraíonn an praghas tagartha a mheastar a mheaitseálfaidh tionscal an Aontais. Deimhnítear an méid sin freisin leis na leibhéil shuntasacha sladghearrtha agus gearrdhíola a suíodh san imscrúdú.

(166) D'iarr HFCL anailís díobhála ar leithligh le haghaidh díolachán trí thairiscintí ar thaobh amháin agus le haghaidh díolacháin ar an láthair ar an taobh eile, á mhaíomh gur dhá dheighleog mhargaidh éagsúla a bheadh iontu sin agus straitéisí éagsúla praghsála, agus iompraíocht éilimh éagsúil, acu.

(167) Ní dhearna HFCL aon fhianaise a sholáthar chun a chruthú go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha éagsúla a bheith ar thionscal an Aontais dá mbainfí úsáid as bealaí éagsúla díola. Thairis sin, suíodh san imscrúdú gurb iad tairiscintí an sciar mór den mhargadh cáblaí snáthoptaice, mar a mhínítear thuas in aithris (162). Is iad na hoibreoirí teileachumarsáide céanna den chuid is mó a dhéanann díolacháin ar an láthair le haghaidh tionscadail mhionscála nó chun cainníochtaí a chomhlánú a bhí faoi réir tairisceana cheana féin. Dá bhrí sin, sa chás sin, is dócha fós go mbeidh an praghas tagartha le haghaidh cineál táirge ar leith nasctha leis an bpraghas a comhaontaíodh sa tairiscint. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh HCL.

(168) I bhfianaise chineál na dtairiscintí, ní mór éifeacht mhoillithe a chur san áireamh. Dhéanfaí OFCanna seachadadh (agus sonrascadh) ina dhiaidh sin, tar éis tairiscint bhuaite, a chur i gcrích sna míonna nó sna blianta tar éis dheireadh na tairisceana. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí tionscal an Aontais thíos le méid na ndíolachán le honnmhaireoirí na Síne a cailleadh sular forchuireadh na bearta agus, an tráth céanna, bhí aghaidh á tabhairt aige ar iomaíocht ó onnmhairí dumpáilte na hIndia a leanfaidh a n-éifeachtaí ar mhéid na ndíolachán tar éis na tréimhse imscrúdúcháin freisin. Dá bhrí sin, ar an iomlán, rinneadh éifeacht leanúnach an bhrú ar phraghsanna a dheimhniú leis an bhforbairt ar thairiscintí. Chuir láithreacht mhéadaithe tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia cosc ar théarnamh thionscal an Aontais ó allmhairí ón tSín agus tá sé sin chun leanúint d'éifeacht dhiúltach a bheith aige, in éagmais beart.

4.6.6. *Conclúid maidir le díobháil*

(169) Léirigh roinnt táscairí treocht dhearfach amhail táirgeacht, acmhainneacht, méid díolachán agus sciar den mhargadh chomh maith le fostaíocht. Mar sin féin, is féidir an méadú ar sciar de mhargadh thionscal an Aontais a nascadh leis an laghdú ar an sciar den mhargadh le haghaidh allmhairí ón tSín, tar éis bearta a fhorchur i mí na Samhna 2021, nuair a d'éirigh le tionscal an Aontais cuid den sciar den mhargadh a cailleadh roimhe sin d'allmhairí na Síne a fháil ar ais. Dá ainneoin sin, an tráth céanna, bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar chostas táirgthe mhéadaithe agus léirigh meánphraghsanna díola an Aontais treocht laghdaitheach. Cé go rabhthas ag súil go dtiocfadh faoiseamh do tháirgeoirí an Aontais as na bearta i gcoinne allmhairí ón tSín, léirigh an méadú mór ar an sciar den mhargadh d'allmhairí ón India go raibh brú praghsanna leanúnach á ghiniúint ag onnmhairí na hIndia, le sladghearradh suntasach, agus, i gcás ar bith, díchur praghsanna le linn na tréimhse 2021-TI. D'éirigh sé sin soiléir sa laghdú suntasach ar bhrabúsacht agus ar shreabhadh airgid agus ar na leibhéil an-íseal infheistíochta ar deireadh.

([18]) Féach an freagra oscailte ar an gceistneoir ó Corning agus Acome.

(170) Ar bhonn an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(171) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais an tráth céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí neamhdhumpáilte ón India, allmhairí ón tSín, allmhairí ó thríú tíortha eile, díolacháin faoi chuing, méadú ar phraghsanna amhábhar agus fuinnimh, suaití sa slabhra soláthair mar gheall ar phaindéim COVID-19, iompraíocht fhrithiomaíoch thionscal an Aontais, iomaíocht i measc thionscal an Aontais, agus féindíobháil mar gheall ar éifeachtaí méadú tosaigh ar infheistíochtaí, acmhainneacht agus stoic.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(172) Tháinig meathlú ar staid thionscal an Aontais i gcomhthráth leis an méadú tapa ar allmhairí dumpáilte ón India a chuaigh isteach i margadh an Aontais i méideanna substaintiúla, rud a rinne sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais agus, in aon chás, a chuir brú suntasach, ó thaobh praghsanna, ar dhíolacháin an Aontais.

(173) Tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón India (mar a léirítear i dTábla 3) ó [48 000 – 59 000] cábla-km in 2020 go [137 000 – 165 000] cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud is ionann le méadú 183 %. I dtéarmaí sciar den mhargadh, maidir leis an méadú le linn na tréimhse céanna, bhí sé sa raon ó [2 – 3] % go [6 – 8] %, ar méadú faoi thrí é nach mór (179 %). Le linn na tréimhse céanna (mar a léirítear i dTábla 6), ní raibh sciar de mhargadh thionscal an Aontais sa mhargadh saor chomh suntasach céanna, ó 40,4 % go 47,2 %, méadú 17 % (6,8 pointe céatadáin) Dá bhrí sin, is féidir teacht ar an gconclúid gur allmhairí dumpáilte ón India iad den chuid is mó lenar baineadh leas as an laghdú ar na hallmhairí ón tSín.

(174) Tháinig laghdú suntasach 46 % ar mheánphraghas na n-allmhairí dumpáilte le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a thuairiscítear i dTábla 4 agus bhí praghsanna díola thionscal an Aontais á sladghearradh 37,2 % agus 45,6 % ar an meán acu. Tháinig laghdú foriomlán 3 % ar phraghsanna díola thionscal an Aontais ar mhargadh saor an Aontais le páirtithe neamhchomhlachaithe le linn na tréimhse ar bhonn na hanailíse i dTábla 8.

(175) Léiríonn leibhéal an tsladghearrtha, in éineacht le brabúsacht íseal thionscal an Aontais, go raibh na hallmhairí dumpáilte ar phraghsanna i bhfad faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais, trí shásraí na dtairiscintí agus trí dhíolacháin ar an láthair araon. Chuir an iompraíocht praghsanna sin cosc ar thionscal an Aontais an sciar den mhargadh a cailleadh roimhe sin mar gheall ar allmhairí dumpáilte ón tSín a aisghabháil go hiomlán agus laghdaigh sé a leibhéil bhrabúis ó thús na tréimhse faoi bhreathnú. Ghin sé díchur praghsanna, agus díobháil airgeadais i dtéarmaí brabúsacht íslithe agus infheistíochtaí laghdaitheacha araon, rud a chuir tionscal an Aontais i mbaol.

(176) Mar iarracht chun na praghsanna ísle dumpáilte a bhí socraithe ag táirgeoirí na hIndia a mheaitseáil agus d'fhonn méid a dhíolacháin a chosaint le linn tréimhse ina raibh costais ag méadú, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú ar luas an mhéadaithe ar chostais. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú mór ar an mbrabúsacht i gcás na dtáirgeoirí sampláilte uile de chuid an Aontais.

(177) Dá bhrí sin, cé gur éirigh le tionscal an Aontais a sciar den mhargadh a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rinneadh é sin chun aimhleas na bpraghsanna agus tháinig laghdú suntasach ar bhrabúis dá bharr sin (díchur praghsanna), chuig leibhéil atá go mór faoi bhun an spriocbhrabús don tionscal sin, mar a mhínítear i Roinn 6.1 thíos.

(178) Mar a thuairiscítear in aithris (158) thuas, bhí fianaise ann freisin go ndearnadh infheistíochtaí agus tionscadail forleathnaithe áirithe a bhí beartaithe ag tionscal an Aontais a chur ar ceal nó a chur ar fionraí mar gheall ar an méadú ar allmhairí dumpáilte de chuid na hIndia.

(179) Leanann sé ón méid thuas gur chuir an méadú ar allmhairí dumpáilte ón India cosc ar thionscal an Aontais sciartha den mhargadh a aisghabháil agus leibhéil inbhuanaithe brabúis a bhaint amach.

(180) Mhaígh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin nach raibh aon chomhghaol idir na hallmhairí ón India agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. D'áitigh siad go raibh leibhéil na n-allmhairí ón India íseal agus nach raibh praghsanna ag leibhéil dhíobhálacha. I bhfianaise na hanailíse thuas, mheas an Coimisiún go raibh an t-imscrúdú ag teacht salach ar na tuairimí sin go soiléir agus dhiúltaigh sé do na maímh sin dá bhrí sin.

(181) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go raibh nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí neamhdhumpáilte ón India*

(182) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí neamhdhumpáilte ón India le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí neamhdhumpáilte ón India

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid (cábla-km)	[11 000–14 000]	[41 000–50 000]	[95 000–118 000]	[67 000–83 000]
Innéacs	*100*	*362*	*845*	*593*
Sciar den mhargadh (%)	[0–1]	[1–2]	[4–5]	[2–4]
Meánphraghas (EUR/cábla-km)	[214–264]	[350–432]	[370–457]	[369–456]
Innéacs	*100*	*164*	*173*	*172*

Foinse: Ceistneoir na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin fíoraithe.

(183) Bhí méid na n-allmhairí agus praghsanna na n-allmhairí neamhdhumpáilte ón India bunaithe ar na cainníochtaí a thuairiscigh an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte nár aimsíodh aon dumpáil ina leith. Ós rud é go raibh sonraí bunaithe ar fhaisnéis a bhain le cuideachta amháin, cuireadh iad i raonta chun rúndacht a chaomhnú.

(184) Léirigh méid na n-allmhairí méadú ó [11 000 – 14 000] cábla-km in 2020 go [95 000 – 118 000] cábla-km in 2022, agus laghdú ina dhiaidh sin go [67 000 – 83 000] cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Lean an sciar den mhargadh an treocht chéanna agus tháinig méadú air ó [0 – 1] % in 2020 go [2 – 4] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí praghsanna allmhairiúcháin ag sladghearradh thart ar [25 – 35] % phraghas thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I bhfianaise na forbartha sin, ní féidir a chur as an áireamh go raibh tionchar diúltach ag na hallmhairí sin ar fheidhmíocht thionscal an Aontais agus gur rannchuidigh siad leis an díobháil ábhartha. Mar sin féin, maidir le leibhéil allmhairí agus sciar den mhargadh na n-allmhairí neamhdhumpáilte, d'fhan siad, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, faoi bhun mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón India den chuid is mó agus tháinig laghdú orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na hIndia agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. *Allmhairí ón tSín*

(185) Mhaígh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte go ndearna allmhairí na Síne an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais seachas d'allmhairí na hIndia, agus thug siad dá n-aire go raibh méideanna allmhairí ón tSín i bhfad níos airde ná na cinn ón India agus go raibh praghsanna allmhairiúcháin níos ísle ná na praghsanna allmhairiúcháin ón India.

(186) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Allmhairí ón tSín

	2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid (cábla-km)	843 918	876 581	487 545	514 072
Innéacs	*100*	*104*	*58*	*61*
Sciar den mhargadh (%)	37,5	33,7	20,6	22,6
Meánphraghas (EUR/cábla-km)	532	572	774	687
Innéacs	*100*	*107*	*145*	*129*

Foinse: Comext (Eurostat).

(187) Tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó 843 000 cábla-km in 2020 go dtí thart ar 514 000 cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú dá réir sin ar an sciar den mhargadh ó 37,5 % go 22,6 %. Is féidir an fhorbairt sin a nascadh leis na bearta frithdhumpála maidir le cáblaí snáthoptaice ón tSín a tugadh isteach i mí na Samhna 2021 tar éis imscrúdú na Síne a luaitear in aithris (17) agus an méadú ar dhleachtanna frithdhumpála i mí Lúnasa 2023 tar éis an imscrúdaithe ionsúcháin. Mar a luaitear in aithris (139), mar gheall ar a oiread allmhairí Síneacha a bhí ann fós agus iad ar phraghsanna a ionsúnn na dleachtanna frithdhumpála, ní raibh tionscal an Aontais cosanta go hiomlán ar chleachtas dumpála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag allmhairí na Síne ar staid thionscal an Aontais agus go bhféadfadh sé gur rannchuidigh siad leis an díobháil a rinneadh. Mar sin féin, tar éis chinneadh an Choimisiúin freisin na dleachtanna frithdhumpála ar cháblaí snáthoptaice ón tSín a dhúbailt ([19]), léiríodh le hallmhairí na Síne treocht shuntasach anuas freisin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon. De bhreis air sin, léirigh siad treocht praghsanna a bhí ag dul i méid, agus meánphraghsanna a bheith os cionn mheánphraghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón India. Thairis sin, bhí an laghdú ar bhrabúis Thionscal an Aontais i bhfad níos suntasaí in 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a thugann le fios gurb é an méadú atá ag teacht ar allmhairí na hIndia, seachas an laghdú atá ag teacht ar allmhairí na Síne, a rinne díobháil do thionscal an Aontais.

(188) Ar bhonn an mhéid sin thuas, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na hIndia agus tháinig sé ar an gconclúid gurb amhlaidh, fiú dá bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag allmhairí na Síne ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na hIndia agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.3. *Allmhairí ó thríú tíortha eile*

(189) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha seachas an India agus an tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 14

Allmhairí ó thríú tíortha eile

		2020	2021	2022	An tréimhse imscrúdúcháin
Maracó	Méid (cábla-km)	26 431	72 886	87 911	103 567
	Innéacs	*100*	*276*	*333*	*392*

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1617.

	Sciar den mhargadh (%)	1,2	2,8	3,7	4,6
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	598	438	659	725
	Innéacs	*100*	*73*	*110*	*121*
An Ríocht Aontaithe	Méid (cábla-km)	80 442	80 442	82 631	78 103
	Innéacs	*100*	*100*	*103*	*97*
	Sciar den mhargadh (%)	3,6	3,1	3,5	3,4
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	658	658	785	845
	Innéacs	*100*	*100*	*119*	*128*
An Tuirc	Méid (cábla-km)	56 794	56 559	59 477	50 369
	Innéacs	*100*	*100*	*105*	*89*
	Sciar den mhargadh (%)	2,5	2,2	2,5	2,2
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	414	390	408	499
	Innéacs	*100*	*94*	*99*	*121*
An Chóiré Theas	Méid (cábla-km)	83 410	69 787	71 045	38 803
	Innéacs	*100*	*84*	*85*	*47*
	Sciar den mhargadh (%)	3,7	2,7	3,0	1,7
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	604	585	723	797
	Innéacs	*100*	*97*	*120*	*132*
An Indinéis	Méid (cábla-km)	64	2 523	58 233	35 734
	Innéacs	*100*	*3 946*	*91 079*	*55 889*
	Sciar den mhargadh (%)	0,0	0,1	2,5	1,6

	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	10 960	3 850	973	1 039
	Innéacs	*100*	*35*	*9*	*9*
An Túinéis	Méid (cábla-km)	39 486	47 284	36 414	33 996
	Innéacs	*100*	*120*	*92*	*86*
	Sciar den mhargadh (%)	1,8	1,8	1,5	1,5
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	658	737	847	756
	Innéacs	*100*	*112*	*129*	*115*
Meicsiceo	Méid (cábla-km)	31 041	30 626	44 895	33 403
	Innéacs	*100*	*99*	*145*	*108*
	Sciar den mhargadh (%)	1,4	1,2	1,9	1,5
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	666	506	598	636
	Innéacs	*100*	*76*	*90*	*95*
An Eilvéis	Méid (cábla-km)	28 989	30 260	29 475	26 534
	Innéacs	*100*	*104*	*102*	*92*
	Sciar den mhargadh (%)	1,3	1,2	1,2	1,2
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	829	870	1 039	1 153
	Innéacs	*100*	*105*	*125*	*139*
Tríú tíortha eile	Méid (cábla-km)	109 988	163 777	152 108	99 783
	Innéacs	*100*	*149*	*138*	*91*

	Sciar den mhargadh (%)	4,9	6,3	6,4	4,4
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	1 603	1 219	1 321	1 974
	Innéacs	*100*	*76*	*82*	*123*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an India agus an tSín	Méid (cábla-km)	456 645	554 145	622 190	500 291
	Innéacs	*100*	*121*	*136*	*110*
	Sciar den mhargadh (%)	20,3	24,0	27,7	22,2
	Meánphraghas (EUR/ cábla-km)	855	783	875	1 017
	Innéacs	*100*	*92*	*102*	*119*

Foinse: Comext (Eurostat).

(190) Tháinig allmhairí ó thríú tíortha eile ó fhoinsí éagsúla. Is iad Maracó agus an Ríocht Aontaithe na tíortha a raibh an méid allmhairí agus an sciar den mhargadh is airde acu.

(191) Tháinig méadú ar allmhairí ó Mharacó ó thart ar 26 000 cábla-km in 2020 go thart ar 103 000 cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mhéadaigh a sciar den mhargadh ó 1,2 % in 2020 go 4,6 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Mar a léirítear thuas, áfach, tháinig méadú thart ar 20 % ar threochtaí meánphraghsanna le linn na tréimhse céanna agus bhí siad ar leibhéil i bhfad níos airde ná na cinn ó na hallmhairí dumpáilte ón India agus os cionn phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna allmhairí ón Maracó aon díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(192) Chuir Brexit isteach ar staidreamh allmhairiúcháin a bhain leis an Ríocht Aontaithe don bhliain 2020 agus níor measadh gur bonn iontaofa iad chun méideanna agus luachanna allmhairiúcháin a shuí don Ríocht Aontaithe don bhliain sin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh leibhéal na n-allmhairí le haghaidh 2020 ar leibhéal a bhí comhchosúil leis na hallmhairí in 2021. Ar an mbonn sin, bhí treocht sách cobhsaí ag allmhairí na Ríochta Aontaithe, rud a léirigh laghdú beag 3 % ar an iomlán, ó thart ar 80 000 cábla-km in 2020 go thart ar 78 000 cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú dá réir sin ar a sciar den mhargadh ó 3,6 % go 3,4 % sa tréimhse chéanna. Agus meánphraghas allmhairí na Ríochta Aontaithe i bhfad os cionn mheánphraghas an Aontais á chur san áireamh, mheas an Coimisiún nach ndearna siad aon díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(193) Bhí allmhairí ón Tuirc cobhsaí in 2020 agus in 2021, tháinig méadú 5 % orthu in 2022 sular thit siad 16 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an iomlán, bhí treocht laghdaitheach 11 % ag na hallmhairí idir 2020 agus an tréimhse imscrúdúcháin. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ar allmhairí ó thart ar 56 800 cábla-km in 2020 go dtí thart ar 50 000 cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. D'fhan an sciar den mhargadh measartha cobhsaí agus tháinig laghdú beag air ó 2,5 % go 2,2 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh leibhéal na bpraghsanna faoi bhun leibhéal tháirgeoirí an Aontais, ní fhéadfaí aon sciar breise den mhargadh a fháil. Cé nárbh fhéidir leis an gCoimisiún a eisiamh gur chuir na hallmhairí sin le díobháil thionscal an Aontais, i bhfianaise a méid íseal a bhí ag laghdú, measadh an tionchar a bheith teoranta agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(194) Mheas an Coimisiún go raibh allmhairí ón gCóiré Theas, ón Indinéis, ón Túinéis, ó Mheicsiceo agus ón Eilvéis ar leibhéil an-íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé is moite den Túinéis agus de Mheicsiceo, léirigh siad treochtaí suntasacha anuas. Bhí méideanna na n-allmhairí ón Túinéis agus ó Mheicsiceo ag laghdú ó 2022 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha sin ard agus os cionn mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna na hallmhairí sin aon díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(195) Tháinig laghdú measartha ar allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú i ndearbhthéarmaí ó thart ar 110 000 cábla-km in 2020 go dtí thart ar 100 000 cábla-km le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh ó 4,9 % go 4,4 %. Léirigh siad leibhéil arda mhéadaitheacha praghsanna agus, dá bhrí sin, níl aon chosúlacht ann go ndearna siad díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2.4. *Díolacháin faoi chuing*

(196) Mar a léirítear i dTábla 6, le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig méadú 47 % ar dhíolacháin faoi chuing thionscal an Aontais.

(197) Mar sin féin, mar a mhínítear thuas in aithris (138), níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise go raibh aon tionchar suntasach ag díolacháin faoi chuing ar éabhlóid na dtáscairí díobhála. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna an úsáid faoi chuing díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

5.2.5. *Costasamhábhair agus fuinnimh*

(198) Mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile gurbh é an méadú ar chostais amhábhar agus ar phraghsanna fuinnimh ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(199) Mar a leagtar amach in aithris (139), mar gheall ar bhrú praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón India, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar a chostais. Dá bhrí sin, ní féidir an méadú ar chostas a mheas mar chúis díobhála, ach, thairis sin, is féidir é a mheas mar mhéadú ar chostais nach bhféadfaí a léiriú i bpraghsanna mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón India. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.

5.2.6. *Éifeacht tosca eile*

(200) De bhreis ar na tosca a ndearnadh anailís orthu sna haithrisí roimhe seo, mhaígh STL gur tharla an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais, más ann di, mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair de dheasca phaindéim COVID-19, iomaíocht i measc thionscal an Aontais, féindíobháil mar gheall ar mhéaduithe ar infheistíochtaí, acmhainneacht agus stoic, chomh maith le hiompar frithiomaíoch táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais a bhaineann le cinneadh in aghaidh trustaí in 2014 ([20]) maidir le táirgeoirí cáblaí ardvoltais agus cinntí ina dhiaidh sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú sa Bhrasaíl, ([21]) sa Spáinn ([22])agus sa Ríocht Aontaithe ([23]). Chomh maith leis sin, mhaígh HFCL agus Birla gurbh iad cinntí infheistíochta míchearta thionscal an Aontais ba chúis leis an díobháil ábhartha a líomhnaítear a fulaingíodh.

([20]) Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2014 maidir le himeacht faoi Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 53 de LEE (IO C 319, 17.9.2014, lch. 10), Comhaontú (Cás AT.39610 — Cáblaí Cumhachta) (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2014) 2139 final).

([21]) 'Cade lena gcuirtear BRL 20,9 milliún i bhfeidhm i bhfíneálacha ar chairtéal idirnáisiúnta cáblaí faoi thalamh agus faoi uisce' (an 1 Samhain 2022), ar fáil ag https://www.gov.br/cade/en/matters/news/cade-applies-brl-20-9-million-in-fines-for-international-cartel-of-underground-and-submarine-cables.

([22]) Comision Nacional de los Mercados y la Competencia, Cás S/DC/0562/15: CABLES BT/MT, Rún Críochnaitheach; ar fáil ag https://www.cnmc.es/expedientes/sdc056215.

([23]) An Binse Achomhairc Iomaíochta, Fógra faoi Éileamh faoi Alt 47A den Acht Iomaíochta 1998, Cás Uimh. 1532/5/7/22; ar fáil ag https://www.catribunal.org.uk/sites/cat/files/2023-03/2023.03.10_1532_RWE%20Renewables%20v%20Prysmian_Summary_of_Claim_Final.pdf.

(201) In aithris (156), rinne an Coimisiún anailís ar an infheistíocht fhoriomlán agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh infheistíochtaí thionscal an Aontais ar leibhéil an-íseal agus ar an íosmhéid ba ghá chun oibríochtaí a choinneáil ar bun le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mheas an Coimisiún freisin nach raibh ach tionchar an-teoranta agus sealadach ag paindéim COVID-19 ar thionscal an Aontais, ós rud é gurb é atá sa tréimhse faoi bhreathnú an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, agus go raibh paindéim COVID-19 ann idir 2020 agus 2022. De bhreis air sin, níor soláthraíodh aon fhianaise maidir leis an suaitheadh líomhnaithe sa slabhra soláthair agus níor léirigh an t-imscrúdú aon fhianaise shonrach ina leith sin. A mhéid a bhaineann le hiompraíocht fhrithiomaíoch líomhnaithe thionscal an Aontais, tugann an Coimisiún dá aire gur bhain an t-imscrúdú in aghaidh trustaí ar thagair an táirgeoir onnmhairiúcháin dó le cáblaí cumhachta ardvoltais ([24]) agus dá bhrí sin nach raibh sé ábhartha don táirge lena mbaineann. Rinneadh mionanailís ar thionchar na n-athruithe ar leibhéal na n-infheistíochtaí, na stoc agus na hacmhainneachta le linn an imscrúdaithe mar a shonraítear in aithrisí (156), (151), agus (132) agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh a dtionchar an-teoranta. Go háirithe, i gcodarsnacht leis an méid a maíodh, léirigh an t-imscrúdú go raibh stoic agus infheistíochtaí thionscal an Aontais fós ar leibhéal an-íseal. Maidir leis an iomaíocht i measc tháirgeoirí de chuid an Aontais, mheas an Coimisiún go spreagtar iomaíocht chóir i saormhargadh agus nach féidir a mheas gur cúis díobhála í. Níor thug an t-imscrúdú aon fhianaise chun solais go bhféadfadh aon éifeacht dhíobhálach a bheith aige.

(202) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh uile maidir le tosca féideartha eile arbh fhéidir gurbh iad ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(203) Shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón India. Tharla an méadú ar allmhairí dumpáilte ón India i gcomhthráth le meathlú staid thionscal an Aontais. Rinneadh an méadú géar ar allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ar phraghsanna a rinne sladghearradh suntasach ar phraghsanna díola thionscal an Aontais ar leibhéil a bhí faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais fiú. Dá bhrí sin, chuir siad cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a shocrú ar na leibhéil inbhuanaithe is gá chun corrlaigh bhrabúis réasúnacha a bhaint amach. Os a choinne sin, níorbh fhéidir le leibhéil na bpraghsanna an méadú ar chostais a mheaitseáil ar leibhéil iad lenar ghabh éifeachtaí diúltacha suntasacha ar leibhéil bhrabúsachta agus infheistíochta thionscal an Aontais.

(204) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh sé gur chuir tosca eile, eadhon na hallmhairí ón tSín, na hallmhairí neamhdhumpáilte ón India agus allmhairí ón Tuirc, leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais ach, i bhfianaise a méideanna allmhairí carntha agus a bhforbairtí praghsanna, nár mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón India agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Go deimhin, tháinig laghdú ar sciar de mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha sin ó 41,7 % go 29,5 % agus tháinig méadú 31 % ar a bpraghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Os a choinne sin, bhí sciar méadaitheach den mhargadh ag na hallmhairí dumpáilte ón India mar aon le laghdú seasta ar phraghsanna, rud a bhí i gcomhthráth leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, níor míníodh le haon cheann de na fachtóirí aitheanta eile forbairtí diúltacha thionscal an Aontais i dtéarmaí cúngach praghsanna agus brabúsacht, leibhéil ísle a infheistíochtaí agus an fhorbairt dhiúltach ar an toradh ar infheistíochtaí.

(205) Ar bhonn an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(206) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

([24]) ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_14_358.

6.1. **Corrlach díobhála**

(207) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(208) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(209) Mhol an gearánach spriocbhrabús 13,4 % maidir le himscrúdú na Síne ([25]), agus chuir sé i dtábhacht go bhfuil gá le leibhéil arda bhrabúis sa tionscal seo atá dírithe go mór ar infheistíocht, ar tionscal é a chaitheann acmhainní suntasacha airgeadais ar thaighde agus ar fhorbairt, chun bheith in ann infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí amach anseo agus go háirithe chun líonra 5G a fhorbairt san Aontas. Mhaígh roinnt táirgeoirí de chuid an Aontais gur cheart spriocbhrabús 15 % a úsáid.

(210) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é 12,4 % an spriocbhrabús a suíodh in imscrúdú na Síne. Scrúdaigh an Coimisiún na maímh sin, mar aon leis na barúlacha a thíolaic na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus na sonraí a bhí ar fáil sa cháschomhad atá ábhartha do cheanglais Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán chun an spriocbhrabús a shocrú.

(211) Chuir Birla i gcoinne oiriúnacht an spriocbhrabúis a úsáideadh in imscrúdú na Síne, i gcomhthéacs eacnamaíoch an imscrúdaithe reatha. Cheistigh Birla an gá le hinfheistíochtaí breise ó thionscal an Aontais, ós rud é go ndearnadh infheistíochtaí suntasacha cheana féin chun líonra 5G a fhorbairt san Aontas. D'áitigh sé freisin nach bhféadfadh tionscal an Aontais a bheith ag súil le corrlaigh bhrabúis ró-ard a bhaint amach agus infheistíochtaí ollmhóra á ndéanamh aige sa tráth céanna. Thairis sin, d'áitigh Birla go raibh ar oibreoirí teileachumarsáide san Aontas, arb iad príomhchustaiméirí OFCanna iad, aghaidh a thabhairt ar dhálaí margaidh atá ag éirí níos deacra agus nach bhféadfadh siad ionchais tháirgeoirí OFCanna an Aontais maidir le corrlach ard brabúis a chothú.

(212) Mhaígh STL nach raibh an spriocbhrabús a suíodh in imscrúdú na Síne ábhartha, ós rud é nach mór an spriocbhrabús a bheith bunaithe ar leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi réir an imscrúdaithe reatha, i.e., an India. Mar fhreagra ar an maíomh sin, d'áitigh an gearánach nach ndearna táirgeoirí na hIndia aon argóint a sholáthar a léiríonn aon athrú ar imthosca a léireodh nach mbeadh an spriocbhrabúsacht a suíodh in imscrúdú na Síne iomchuí a thuilleadh. Mhaígh STL, agus aghaidh á tabhairt aige ar an argóint sin, go raibh an spriocbhrabúsacht a suíodh in imscrúdú na Síne bunaithe ar réaltacht eacnamaíoch dhifriúil agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí ábhartha don imscrúdú seo. Ba cheart an tréimhse ama ábhartha chun an sprioc-chorrlach brabúis a ríomh a bheith ann tar éis 2020. Ina theannta sin, mhaígh STL go raibh méadú suntasach ar leibhéal infheistíochtaí na ngearánach ó 2022 i leith i gcomparáid le tréimhse imscrúdúcháin imscrúdú na Síne (an 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020), rud a d'fhág go raibh athrú ar na himthosca i gceist i gcomparáid leis an imscrúdú maidir le hallmhairí cáblaí snáthoptaice ón tSín.

(213) A mhéid a bhaineann leis an ngá le hinfheistíochtaí amach anseo i dtáirgeadh cáblaí snáthoptaice, thug an Coimisiún dá aire sa tuarascáil dheireanach uaidh maidir le 'Staid na Cumarsáide Digití', go ndearna comhlachas Oibreoirí Líonra Teileachumarsáide na hEorpa (ETNO) athbhreithniú aníos ar a réamhaisnéisí maidir le himscaradh líonraí snáithín go baile (FTTH) san Aontas, rud a thugann le fios go mbeidh éileamh láidir ann amach anseo ([26]). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nach mbeadh gá le tuilleadh infheistíochtaí.

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011, aithris (489).
([26]) https://etno.eu/library/reports/117-state-of-digital-2024.html.

(214) Maidir leis an maíomh nach bhféadfadh oibreoirí teileachumarsáide ionchais corrlaigh ardbhrabúis ó thionscal an Aontais a chothú, thug an Coimisiún dá aire gurb ionann cáblaí snáthoptaice agus cuid an-bheag de chostais chaipitiúla oibreoirí teileachumarsáide an Aontais, ar cuid í a shroich EUR 59.1 billiún in 2022, de réir ETNO. ([27]) Agus tomhaltas iomlán thart ar 2,5 milliún cábla/km an Aontais ([28]) agus meánphraghas 756 EUR in aghaidh an chábla/km, ([29]) á gcur san áireamh, bheadh thart ar 3 % d'infheistíochtaí na n-oibreoirí teileachumarsáide i gceist leis na costais a bhaineann le cáblaí snáthoptaice. Thairis sin, is é an cuspóir atá leis an spriocbhrabús a shuí an bhrabúsacht a chinneadh a bheadh tionscal an Aontais in ann a bhaint amach in éagmais allmhairí dumpáilte, lena n-áirítear nithe maidir le hinfheistíochtaí áirithe amach anseo. Scrúdaítear thíos an bhfuil dleachtanna i gcoinne leas foriomlán an Aontais in aithrisí (223) go (226) i gcás ina dtugtar aghaidh, i measc nithe eile, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dleachtanna ar thionscail iartheachtacha. Dá bhrí sin, níor mhór diúltú do mhaímh Birla agus STL ina leith sin.

(215) A mhéid a bhaineann le maíomh STL nach mór an spriocbhrabús a bheith bunaithe ar leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi réir an imscrúdaithe reatha, mheabhraigh an Coimisiún nach mór an spriocbhrabús a shuí agus roinnt tosca á gcur san áireamh, lena n-áirítear go háirithe leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin freisin.

(216) I dtaca leis sin de, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cúngaíodh praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin go príomha mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte ón India. Ar an gcaoi chéanna, bhí an tionchar céanna ag láithreacht na n-allmhairí dumpáilte ón tSín ar an bhfíorchás eacnamaíoch roimh an méadú ar allmhairí ón India, i.e., roimh 2020. Dá bhrí sin, maidir leis na brabúis a bhí ann le linn na tréimhse seo, measadh nár bhonn oiriúnach iad chun an spriocbhrabús a shuí. Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais ar bhonn na mbrabús a baineadh amach roimh an tréimhse a ndearna allmhairí ón tSín agus ón India araon difear di.

(217) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in imscrúdú na Síne is amhlaidh, in 2015 agus in 2016, go raibh táirgeoirí sampláilte an Aontais in ann brabúis chomhsheasmhacha 12,6 % agus 12,4 % faoi seach a choinneáil ar bun. Measadh gurbh iad na blianta sin na blianta ab ionadaíche maidir leis an mbrabúsacht faoi ghnáthdhálaí iomaíochta sa tionscal sin.

(218) Mheas an Coimisiún go bhfuil anailís den sórt sin fós bailí, go háirithe ós rud é go raibh allmhairí na Síne fós laghdaithe go páirteach le linn na tréimhse faoi bhreathnú sna praghsanna imscrúdaithe reatha, mar a suíodh san imscrúdú frith-ionsúcháin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go léireodh spriocbhrabús 12,4 % fós an leibhéal brabúsachta a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint gurbh ionann méadú ar infheistíochtaí agus 'athrú ar imthosca' lena n-éileofaí meastóireacht nua ar an spriocbhrabús.

(219) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a bheidh ann amach anseo agus a leanfaidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus as prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus as Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, ar costais iad a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt. Níor tuairiscigh tionscal an Aontais go mbeadh aon chostas den chineál sin ann amach anseo. Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach do tháirge comhchosúil thionscal an Aontais tríd an spriocbhrabús 12,4 % (féach aithris (217)) a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(220) Chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ansin ar bhonn comparáide idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte ar suíodh dumpáil ina leith san India, mar a suíodh freisin le haghaidh ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas neamhdhíobhálach ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais i margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Rinneadh aon difríocht a lean as an gcomparáid sin a shloinneadh mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(221) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach cuideachta eile' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithrisí (91) go (94).

([27]) https://etno.eu/library/reports/117-state-of-digital-2024.html.
([28]) Féach Tábla 2.
([29]) Meánchostas aonaid an táirgthe le linn na tréimhse imscrúdúcháin (Féach Tábla 8) móide corrlach brabúis 12,4 %.

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
MP Birla Group	6,9	86,7
Sterlite Technologies Limited Group	11,4	41,2
Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,0	63,1
Gach cuideachta eile	11,4	86,7

7. LEAS AN AONTAIS

(222) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist i dtaobh arbh fhéidir leis teacht ar an gconclúid shoiléir nárbh é leas an Aontais é bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin gur cinneadh go raibh dumpáil dhíobhálach déanta. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla a bhí i gceist, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(223) Tá 14 tháirgeoir nó grúpaí nó táirgeoirí i dtionscal an Aontais, agus tá thart ar 5 140 ball foirne (FTE) fostaithe ann. Tá na táirgeoirí scaipthe go forleathan ar fud an Aontais.

(224) Mar thoradh ar fhorchur beart, mhéadófaí leibhéil na bpraghsanna san Aontas agus, dá bhrí sin, bheadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar a chostas táirgthe. Mar thoradh air sin, beidh leibhéil bhrabúis níos inbhuanaithe ann lena gcuirfear ar chumas thionscal an Aontais a leibhéil infheistíochta a mhéadú agus a infheistíochtaí a atosú i nuálaíochtaí atá riachtanach do thionscal an Aontais chun seasamh iomaíoch sa mhargadh a choinneáil agus chun a láithreacht sa mhargadh a choinneáil ar bun, chomh maith leis an sciar den mhargadh a cailleadh de dheasca allmhairí dumpáilte na Síne san am atá caite a aisghabháil.

(225) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag neamh-fhorchur na mbeart ar thionscal an Aontais i dtéarmaí cúngú breise ar phraghsanna agus meathlú geilleagair a d'fhéadfadh a bheith ann. Chiallódh laghdú breise ar phraghsanna go mbeadh caillteanas ann i dtionscal an Aontais sa ghearrthéarma. Chun meath ar a bhrabúsacht a sheachaint, féadfaidh tionscal an Aontais a chinneadh a leibhéil reatha praghsanna a choinneáil, ar praghsanna iad atá neamh-inbhuanaithe cheana féin, áfach; nó a phraghsanna a mhéadú chun dochair do dhíolacháin. Beidh laghdú láithreach ar an méid táirgeachta mar thoradh air sin. Ina theannta sin, cuirfidh an staid sin cosc ar thionscal an Aontais a leibhéil infheistíochta a mhéadú, ar leibhéil iad atá riachtanach chun a láithreacht sa mhargadh a chosaint trí réitigh nuálacha agus trí fhorbairtí táirgí a thairiscint. Mar thoradh air sin, beidh tionscal an Aontais faoi réir tuilleadh meatha airgeadais i dtéarmaí brabúsachta agus infheistíochtaí, rud a chuirfidh a thodhchaí i mbaol. Mura bhforchuirfí bearta, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go leanfadh an méadú ar allmhairí dumpáilte ón India ar aghaidh agus go dtiocfadh méadú suntasach air fiú, i bhfianaise na gcorrlach sladghearrtha substaintiúil, agus chineál an mhargaidh, atá á spreagadh ag tairiscintí a bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha acu. Sa chás sin, ní bheadh tionscal an Aontais in ann téarnamh ó na héifeachtaí díobhálacha.

(226) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go bhfuil bearta sealadacha chun ar mhaithe le leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas allmhaireoirí neamhchomhlachaithe**

(227) Ar dháta an tionscnaimh, chuathas i dteagmháil le 51 allmhaireoir agus úsáideoir agus iarradh orthu comhoibriú san imscrúdú. Chláraigh allmhaireoir amháin mar pháirtí leasmhar ach ní dhearna sé freagra ar an gceistneoir a sholáthar. Dá dheasca sin, níor chomhoibrigh aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe le linn an imscrúdaithe.

(228) In éagmais comhoibriú ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, ní raibh an Coimisiún in ann tionchar beacht na ndleachtanna frithdhumpála ar a ngnóthaí a chinneadh. In imscrúdú na Síne, shuigh an Coimisiún go raibh corrlaigh bhrabúis os cionn 20 % ag allmhaireoirí agus go bhféadfaí dleachtanna a ionsú nó ar a laghad cuid díobh a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí ([30]). Níor tháinig aon fhíoras ná fianaise chun solais san imscrúdú reatha atá ag teacht salach ar na torthaí sin.

([30]) Aithris (588), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011.

(229) Cé gur dócha go mbeidh tionchar diúltach áirithe ag na bearta frithdhumpála ar allmhaireoirí agus go bhféadfaidís a mbrabúsacht a laghdú, mheas an Coimisiún go mbeidh allmhaireoirí in ann cuid den mhéadú ar chostais a tharla mar gheall ar an dleacht ar a gcustaiméirí a ionsú agus/nó a chur ar aghaidh. Tá an deis acu freisin foinsí malartacha soláthair a aimsiú, lena n-áirítear an India, ar phraghsanna neamhdhumpáilte. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfaidh forchur na mbeart difear díréireach d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

7.3. **Leas úsáideoirí, suiteálaithe agus dáileoirí**

(230) Maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú, faigheann roinnt tionscal é, go formhór oibreoirí teileachumarsáide, comhlachtaí earnála poiblí (amhail bardasachtaí) a bhfuil líonraí snáithíní, suiteálaithe agus dáileoirí faoi úinéireacht nó faoi rialú acu. Níor chomhoibrigh aon cheann de na páirtithe sin.

(231) Níor chomhoibrigh ach úsáideoir amháin a bhí gníomhach sa tionscal teileachumarsáide le linn an imscrúdaithe. Ní raibh aon argóintí ná faisnéis i bhfreagra an úsáideora ar an gceistneoir maidir le gnéithe a bhaineann le leas an Aontais. Níor allmhairigh an t-úsáideoir sin cáblaí snáthoptaice ón India agus níor chuir sé in iúl gur thacaigh sé leis na bearta ná go raibh sé ina gcoinne.

(232) Mheas an Coimisiún freisin, mar a leagtar amach in aithris (213), nach bhfuil i gcáblaí snáthoptaice ach cuid bheag de chostais fhoriomlána na n-úsáideoirí, ós rud é go mbaineann an príomhspreagthóir costais le haghaidh úsáid snáithíní le hoibreacha sibhialta.

(233) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh bearta difear díréireach d'úsáideoirí.

7.4. **Soláthar ar mhargadh an Aontais**

(234) D'áitigh STL go ndéanfadh forchur na mbeart frithdhumpála ag an gCoimisiún ar allmhairí cáblaí snáthoptaice ón India dochar do shlabhra soláthair cáblaí snáthoptaice atá athléimneach agus neamhthuilleamaíoch san Aontas. Ní dhearnadh tuilleadh forbartha ar an maíomh sin. Ina theannta sin, ní dhearna an táirgeoir onnmhairiúcháin aon fhianaise, aon fhaisnéis bhreise ná aon anailís a sholáthar chun tacú leis an maíomh sin.

(235) Léiríodh san imscrúdú go raibh foinsí iomadúla soláthair ar fáil ar mhargadh an Aontais. B'ionann tíortha seachas an India agus an tSín (arb iad Maracó agus an Ríocht Aontaithe na tíortha is mó díobh) agus 14,5 % den sciar iomlán den mhargadh san Aontas agus bhí allmhairí neamhdhumpáilte ón India ann freisin. Ina theannta sin, mar a léirítear in aithris (130), bhí acmhainneacht bhreise beagnach 40 % ag tionscal an Aontais a d'fhéadfaí a úsáid chun margadh an Aontais a sholáthar. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

7.5. **Staid iomaíoch ar mhargadh an Aontais**

(236) Mhaígh an táirgeoir onnmhairiúcháin céanna go bhfuil ceannas ag grúpa táirgeoirí móra ar mhargadh an Aontais, agus dá bhforchuirfí bearta chuirfí leis an staid sin rud a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith mar thoradh air, amhail praghsanna níos airde, níos lú rogha do thomhaltóirí, agus riosca méadaithe iompraíochta frithiomaíochta ag tionscal an Aontais.

(237) Mar atá luaite thuas, níor chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin tuilleadh forbartha ar an maíomh sin trí aon fhianaise, faisnéis bhreise ná anailís a sholáthar chun tacú leis an maíomh sin.

(238) Mheas an Coimisiún go raibh tionscal an Aontais comhdhéanta de 14 tháirgeoir de chuid an Aontais nó de ghrúpaí táirgeoirí a bhí in iomaíocht lena chéile ar mhargadh an Aontais, sa bhreis ar na hallmhairí neamhdhumpáilte ón India, ar na hallmhairí ón tSín agus ar allmhairí ó thríú tíortha eile. Measadh, dá bhrí sin, go raibh an leibhéal iomaíochta ard go leor. Tá an maíomh maidir leis an riosca d'iompraíocht fhrithiomaíoch thionscal an Aontais amach anseo an-amhantrach agus diúltaíodh dó.

(239) Dá bhrí sin, diúltaíodh do gach maíomh maidir leis an staid iomaíoch ar mhargadh an Aontais.

7.6. **Tosca eile**

(240) Tá gá le cáblaí snáthoptaice chun líonraí leathanbhanda tapa a thógáil. Dá bhrí sin, tá siad thar a bheith tábhachtach do shaoránaigh, do ghnóthaí agus d'eintitis phoiblí ar fud an Aontais, a bhíonn ag brath ar na líonraí sin le haghaidh obair sa bhaile, foghlaim sa bhaile, gnó a reáchtáil nó seirbhísí a sholáthar. Tá an infheistíocht tríd an gclár NextGenerationEU ([31]) ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus tá sé dírithe freisin ar bhonneagar leathanbhanda ardteicneolaíochta a shroichfidh gach cearn den Aontas a imscaradh. Dá bhrí sin, tá cáblaí snáthoptaice ríthábhachtach do Dheacáid Dhigiteach an Aontais ([32]) agus dá cheannasacht dhigiteach freisin.

7.7. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(241) Dá bhforchuirfí bearta frithdhumpála, scaoilfí tionscal an Aontais ón mbrú praghsanna i margadh an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte ón India agus chuirfí ar a gcumas a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir le méaduithe costais. Bheadh tionchar dearfach aige sin ar a mbrabúsacht agus ar a leibhéil infheistíochta agus chuirfeadh sé ar a gcumas a seasamh sa mhargadh a chosaint agus infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua. Ar deireadh, tá teacht slán tháirgeoirí an Aontais ina phríomhghné de cheannasacht dhigiteach an Aontais. Os a choinne sin, mura bhforchuirfí na bearta, thiocfadh meath tapa breise ar bhrabúsacht thionscal an Aontais agus i ndeireadh na dála ní ligfí do thionscal an Aontais forbairt, rud a d'fhágfadh go gcaillfí sciar den mhargadh agus go ndúnfaí monarchana b'fhéidir.

(242) An tráth céanna, ní chuirfeadh bearta cosc ar allmhairí ó thríú tíortha (lena n-áirítear an India) dul in iomaíocht go cothrom ar mhargadh an Aontais. Níor léirigh an t-imscrúdú go mbeadh tionchar diúltach díréireach ag bearta ar allmhaireoirí agus ar thionscail iartheachtacha.

(243) Ar an iomlán, dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia ag an gcéim seo den imscrúdú.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

(244) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(245) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh na hIndia, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(246) Ar bhonn an mhéid sin thuas ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh de réir phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Birla Cable Ltd; Universal Cables Ltd; Vindhya Telelinks Ltd.	6,9 %
Sterlite Technologies Limited; Sterlite Tech Cables Solutions Limited	11,4 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	9,0 %
Gach cuideachta eile	11,4 %

([31]) Tá sé d'aidhm ag Next Generation EU 5G agus leathanbhanda sárthapa ar fud an Aontais a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an aistriú digiteach, i measc spriocanna eile, trí dhigitiú níos mó a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí agus ar an ngeilleagar i gcoitinne: https://next-generation-eu.europa.eu/index_en#:~:text=With%20NextGenerationEU%3A,become%20smarter%20and%20more%20efficient.

([32]) Tá fís dhaonlárnach, inbhuanaithe á saothrú ag an Aontas don tsochaí dhigiteach le linn na deacáide digití chun saoránaigh agus gnóthaí a chumhachtú: https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/europes-digital-decade.

(247) Rinneadh na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo a shuí ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a aimsíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí dleachta frithdhumpála aonair.

(248) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, tá gá le bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(249) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí dleachta frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné amháin é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar is amhlaidh i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá ann sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(250) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(251) Is minic a shloinntear staidreamh OFCanna i gcábla-km. Mar sin féin, níl aon aonad forlíontach den sórt sin ann le haghaidh OFCanna a shonraítear san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ([33]). Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh nach amháin nach mór an meáchan in kg nó i dtonaí ach an líon cábla-km le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann a chur isteach sa dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta. Ba cheart an cábla-km a léiriú le haghaidh chóid AC agus TARIC.

9. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

(252) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a sholáthar maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(253) Thug Grúpa MP Birla a bharúil ar chruinneas ríomh a chorlaigh dumpála. Tar éis na hanailíse, cheartaigh an Coimisiún an ríomh agus an corrlach dumpála ábhartha.

(254) Ag an gcéim chinntitheach, tabharfar aghaidh ar gach barúil eile a fuarthas i ndiaidh an réamhnochta.

10. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

(255) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún laistigh de sprioc-am seasta.

([33]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

(256) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach den imscrúdú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice aonmhóid, atá comhdhéanta de shnáithín amháin nó níos mó i dtruaill aonair, ar a bhfuil cásáil chosanta, bíodh seoltóirí leictreacha iontu nó ná bíodh, bíodh nascóirí iontu nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chód AC ex 8544 70 00 (cóid TARIC 8544 70 00 10 agus 8544 70 00 91) agus ar de thionscnamh na hIndia iad.

Eisiatar na táirgí seo a leanas:

— cáblaí faoi bhun 500 méadar ar fad ina bhfuil na snáithíní optúla uile feistithe ina n-aonar le nascóirí oibriúcháin ag ceann amháin nó ag an dá cheann; agus

— cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí, atá inslithe le plaisteach, ina bhfuil seoltóir copair nó alúmanaim, ina bhfuil snáithíní i modúl miotail/modúil mhiotail.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí dleachta frithdhumpála sealadacha is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a thuairiscítear i mír 1 agus a thairgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Birla Cable Ltd; Universal Cables Ltd; Vindhya Telelinks Ltd.	6,9 %	89CF
Sterlite Technologies Limited; Sterlite Tech Cables Solutions Limited	11,4 %	89CG
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	9,0 %	
Gach allmhaire eile de thionscnamh na hIndia	11,4 %	C999

3. Níl feidhm ag dleachtanna frithdhumpála maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin Indiacha Ghrúpa HFCL, ina bhfuil HFCL Limited agus HTL Limited (cód breise TARIC 89CH).

4. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleacht aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i/in [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá ann sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Go dtí go dtíolactar an sonrasc seo, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

5. I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den bhun-Rialachán, an táirge dá dtagraítear i mír 1 beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí.

6. I gcás ina dtíolacfar dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta i leith an táirge dá dtagraítear i mír 1, beag beann ar a thionscnamh, iontrálfar cábla-km na dtáirgí allmhairithe i réimse ábhartha an dearbhaithe sin, ar choinníoll go bhfuil an tásc sin comhoiriúnach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar bhonn míosúil, líon na gcábla-km arna allmhairiú faoi chóid TARIC 8544 70 00 10 agus 8544 70 00 91.

7. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a thíolactar lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an nglacfar le hiarrataí den sórt sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

TÁIRGEOIRÍ ONNMHAIRIÚCHÁIN COMHOIBRÍOCHA NEAMHSHAMPLÁILTE DE CHUID NA hINDIA

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An India	Aberdare Technologies Private Limited	89CI
An India	Aksh Optifibre Limited	89CJ
An India	Apar Industries Limited	89CK
An India	Polycab India Limited	89CL
An India	UM Cables Limited	89CM
An India	ZTT India Private Limited	89CN